



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
COM(2026) 364 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2000/43/CE ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa combhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach ('an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch') agus Threoir 2000/78/CE ón gComhairle lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa combhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha ('an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta')

1. RÉAMHRÁ

Is iad an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta ('na Treoracha') ⁽¹⁾ bunchlocha iarrachtaí an Aontais Eorpaigh Aontas an Chomhionannais a thógáil. Ceanglaítear leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch go gcaithfear go cothrom le daoine i réimsí na fostaíochta agus na gairmoiliúna, an oideachais, na cosanta sóisialta (lena n-áirítear slándáil shóisialta agus cúram sláinte), agus na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí agus an tsoláthair earraí agus seirbhísí (lena n-áirítear tithíocht), gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach. Ceanglaítear leis an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta go gcaithfear go cothrom le daoine san fhostaíocht agus sa ghairmoiliúint, gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

Leis na Treoracha, cuirtear chun feidhme na luachanna bunúsacha a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ó 2000 i leith, bhí ról lárnach acu maidir lena áirithiú gur féidir le gach duine páirt iomlán a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, cultúrtha agus sóisialta, saor ó idirdhealú ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta.

Forbairt shuntasach le linn na tréimhse sin ab ea ról chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) maidir le coincheapa bunúsacha an dlí um neamh-idirdhealú a shoiléiriú. Go háirithe, tríd an iliomad réamhrialuithe a d'eisigh sí arna iarraidh sin do chúirteanna náisiúnta, tá feabhas suntasach curtha ag CBAE ar chosaint frith-idirdhealaithe ar fud an Aontais Eorpaigh. Leis na dúshlán íosta a thuairiscigh na Ballstáit maidir le croíphrionsabail dhlí an Aontais um neamh-idirdhealú a chur chun feidhme, deimhnítear an tsoiléireacht fheabhsaithe a baineadh amach trí rialuithe CBAE.

Mar sin féin, breis agus 25 bliana tar éis ghlacadh na dTreoracha, **is dúshlán suntasach fós é a áirithiú go mbeidh daoine aonair in ann leas éifeachtach a bhaint as an gceart chun neamh-idirdhealaithe agus chun córa comhionainne.**

Gach cúig bliana, ní mór don Choimisiún fáisnéis a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm na dTreoracha ⁽²⁾. Comhlíonann an tuarascáil seo an oibleagáid sin, agus léiríonn sí freisin an dul chun cinn atá déanta agus na dúshlán leanúnacha atá ann maidir le dlí um neamh-idirdhealú a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Cumhdaíonn sí an tréimhse ó 2021 go 2025 agus leagtar amach inti na forbairtí ón tuarascáil dheireanach, a foilsíodh i mí an Mhárta 2021 ⁽³⁾.

Déanann an tuarascáil seo obair leantach ar phleananna gníomhaíochta agus straitéisí comhionannais an Aontais Eorpaigh, go háirithe straitéis frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2026-2030 ⁽⁴⁾ agus an straitéis um chomhionannas LADTIA+ 2026-2030

⁽¹⁾ IO L 180, 19.7.2000, lch. 22, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2000/43/oj>; IO L 303, 2.12.2000, lch. 16, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2000/78/oj>.

⁽²⁾ Féach Airteagal 17(1) den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 19(1) den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽³⁾ COM(2021) 139 final agus SWD(2021) 63 final an 19 Márta 2021, [EUR-Lex - 52021DC0139 - GA-EUR-Lex](#) agus [EUR-Lex - 52021SC0063 - GA-EUR-Lex](#).

⁽⁴⁾ COM(2026) 12 final an 20 Eanáir 2026, [EUR-Lex - 52026DC0012 - GA-EUR-Lex](#).

(⁵). Cuirtear i bhfios go láidir sna straitéisí sin gur tosaíocht de chuid an Choimisiúin é cur i bhfeidhm éifeachtach dhlí an Aontais i gcoinne an idirdhealaithe a áirithiú agus leagtar béim iontu ar a thábhachtaí atá smachtbhannaí éifeachtacha i gcoinne an idirdhealaithe. Is príomhghníomhaíocht í an tuarascáil chun gealltanais na straitéise frithchiníochais a bhaint amach maidir le cur chun feidhme éifeachtach na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch a áirithiú, go háirithe trí dhíriú ar í a fhorfheidhmiú agus a chur i bhfeidhm i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh. Pléitear sa tuarascáil freisin cur i bhfeidhm na dTreoracha chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú struchtúrach.

Is annamh a thuairiscíonn íospartaigh idirdhealú d'institiúidí. De réir suirbhéanna éagsúla (⁶) a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), tá an ráta tuairiscithe idir 5 % agus 11 %. Eascraíonn an tearcthuairisciú sin den chuid is mó as an gcreideamh i measc íospartach nach mbeidh aon ghníomh ná athrú mar thoradh ar idirdhealú a thuairisciú (⁷).

Tá an easpa muiníne sna próisis agus sna córais atá ann cheana chun idirdhealú a thuairisciú comhthreomhar leis an dul chun cinn teoranta a mheastar a bheith déanta maidir leis an idirdhealú a chomhrac (⁸) ó foilsíodh an tuarascáil dheireanach maidir leis na Treoracha.

Measann an pobal i gcoitinne i gcónaí go bhfuil an t-idirdhealú forleathan san Aontas (⁹). Thuairiscigh 50 % de fhreagróirí ar Shuirbhé 2022 an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar an Idirdhealú (EU-MIDIS III) gur bhraith siad go ndearnadh idirdhealú orthu ar aon fhoras (¹⁰) sna 5 bliana roimh an suirbhé. Tá méadú tagtha ar thaithí maidir le hidirdhealú ciníoch (¹¹) ann féin idir 2016 agus 2023 (¹²).

(⁵) COM(2025) 725 final an 8 Deireadh Fómhair 2025, [EUR-Lex - 52025DC0725 - GA - EUR-Lex](#). Féach freisin straitéisí ábhartha eile: COM(2020) 620 final an 7 Deireadh Fómhair 2020, [EUR-Lex - 52020DC0620 - GA - EUR-Lex](#); COM(2021) 101 final an 3 Márta 2021, [EUR-Lex - 52021DC0101 - GA - EUR-Lex](#), COM(2026) 113 final an 5 Márta 2026, [EUR-Lex - 52026DC0113 - GA - EUR-Lex](#), COM(2026) 541 final an 6 Bealtaine 2026, [EUR-Lex - 52026DC0541 - GA - EUR-Lex](#).

(⁶) FRA, [A bheith mar dhuine dubh san Aontas Eorpach – Taithí daoine de bhunadh Afracach, A bheith i do Mhoslamach san Aontas Eorpach – Taithí na Moslamach, Taithí agus Dearcthaí Dhaoine Giúdacha ar an bhFrith-sheimíteachas – Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Dhaoine Giúdacha, Comhionannas LADTIA ag Crosbhóthar - Dul Chun Cinn agus Dúshlán, Na Romaigh i 10 dTír Eorpacha - Príomhthorthaí - Suirbhé Romach 2021, Cearta na Romach agus an Lucht Siúil i 13 Thír Eorpacha – Peirspictíochtaí ón suirbhé Romach 2024](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021-2025.

(⁷) 38 % de fhreagróirí ar shuirbhé EU-MIDIS III; 39 % de fhreagróirí ar shuirbhé Giúdach; 49 % de fhreagróirí ar shuirbhé LADTIA III; 30 % de fhreagróirí ar shuirbhé Romach 2021.

(⁸) FRA (féach nóta 6).

(⁹) Féach: An Coimisiún Eorpach, '[Eorabharaiméadar 2023 maidir le hidirdhealú san Aontas](#)'.

(¹⁰) Idirdhealú ar bhonn ceann amháin ar a laghad de na forais seo a leanas: dath craicinn, cúlra eitneach nó inimirceach, reiligiún nó creideamh reiligiúnach, aois, gnéas/inscne, míchumas, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne nó léiriú inscne.

(¹¹) Chun críoch an tsuirbhé, tuigeadh gur idirdhealú ciníoch é idirdhealú ar bhonn ceann amháin ar a laghad de na trí fhoras seo a leanas: dath craicinn, cúlra eitneach nó inimirceach agus reiligiún nó creideamh reiligiúnach.

(¹²) FRA, [A bheith mar dhuine dubh san Aontas Eorpach – Taithí daoine de bhunadh Afracach, A bheith i do Mhoslamach san Aontas Eorpach – Taithí na Moslamach](#), lch. 44, [Taithí agus Dearcthaí ar an](#)

Cuireadh roinnt príomh-shaincheistean i dtábhacht cheana féin sa tuarascáil dheireanach maidir le cur i bhfeidhm na dTreoracha. Áiríodh orthu sin eagla na n-íospartach roimh dhíoltas, leibhéil neamhleora cúitimh, deacracht fianaise a bhailiú agus easpa feasachta ag íospartaigh ar a gcearta agus ar na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil dóibh, e.g. trí chomhlachtaí comhionannais. Tharraing sí aird freisin ar chur chun cinn míchothrom an chomhionannais i measc an phobail i gcoitinne agus institiúidí náisiúnta, rud a bhí éagsúil ag brath ar an mBallstát.

Ag tógáil ar an tuarascáil roimhe seo, tugtar forléargas sa tuarascáil nua seo ar na dúshlán leanúnacha agus nua atá ann, ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na deachleachtais a glacadh agus na Treoracha á gcur i bhfeidhm ó 2021 i leith.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, tá bearta nithiúla déanta ag an Aontas chun feabhas a chur ar chur i bhfeidhm agus ar fhorfheidhmiú na dTreoracha. Níos tábhachtaí fós, ó foilsíodh an tuarascáil dheireanach, ghlac an tAontas na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais ⁽¹³⁾ chun na comhlachtaí náisiúnta atá freagrach as comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chosc agus a chomhrac a neartú, lena n-áirítear trí thacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine aonair agus do ghrúpaí a ndéantar idirdhealú orthu maidir le rochtain a fháil ar cheartas.

Leis na Treoracha, ceanglaítear ar na Ballstáit smachtbhannaí éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha a bhunú i leith idirdhealú. Chun tacú leis na Ballstáit, choimisiúnaigh an Coimisiún **staidéar ar reachtaíocht agus ar chur i bhfeidhm smachtbhannaí maidir le hidirdhealú ciníoch, eitneach agus reiligiúnach.** Léiríodh sa staidéar go mbaintear an bonn den chosaint dhlíthiúil agus den chosc fadtéarmach ar idirdhealú de bharr smachtbhannaí ísle agus siombalacha. Leagadh béim ann ar an ngá atá le smachtbhannaí níos éifeachtaí lena gcúitítear íospartaigh go hiomlán agus lena gcuirtear réitigh mharthanacha chun cinn, mar aon le forfheidhmiú níos láidre agus fothú acmhainneachta do dhlíodóirí agus don tsochaí shibhialta.

I bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear **an méadú atá tagtha ar chórais uathoibrithe agus córais intleachta saorga**, déantar anailís sa tuarascáil freisin ar chur i bhfeidhm an dlí um neamh-idirdhealú sna Ballstáit i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh. Léiríonn sí gur gá acmhainneachtaí a fhorbairt agus sásraí a bhunú le haghaidh comhar éifeachtach idir comhlachtaí forfheidhmithe éagsúla.

Baintear leas sa tuarascáil seo as torthaí na gcomhairliúcháin spriocdhírithe ⁽¹⁴⁾. Mar fhreagairt ar cheistneoirí saincheaptha, fuair an Coimisiún ionchur ó na Ballstáit uile

bhFrithsheimíteachas – An dara suirbhé ar idirdhealú agus ar fhuathchoireacht i gcoinne Giúdach san Aontas Eorpach, lch. 59, *Taithí agus Dearcthaí Daoine Giúdacha ar an bhFrithsheimíteachas – suirbhé an Aontais Eorpaigh ar dhaoine Giúdacha*, lch. 77.

⁽¹³⁾ IO L 2024/1499, 29.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1499/oj>, IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1500/oj>.

⁽¹⁴⁾ Idir mí na Bealtaine agus mí Iúil 2025, rinne an Coimisiún comhairliúcháin spriocdhírithe trí úsáid a bhaint as ceistneoir ar líne ina raibh ceistean sa saincheaptha maidir le cur chun feidhme na dTreoracha agus ceistean neamhiata araon chun é a chur ar a gcumas do fhreagróirí aon ábhar inní breise a chur in iúl. Dáileadh na ceistneoirí ar na Ballstáit uile, ar na comhlachtaí comhionannais i ngach Ballstát, ar na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha a ndeachthas i gcomhairle leo faoi Airteagal 154 CFAE, agus ar 57 n-eagraíocht na sochaí sibhialta. Moladh do pháirtithe leasmhara an ceistneoir a roinnt le páirtithe ábhartha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

agus ó pháirtithe leasmhara agus institiúidí éagsúla, lena n-áirítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), 11 chomhlacht comhionannais, 2 chomhpháirtí sóisialta, 17 n-eagraíocht na sochaí sibhialta agus Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet). Tá na staidrimh a luaitear sa tuarascáil seo bunaithe ar na freagraí sin.

Dírítear sa tuarascáil seo ar dhlí an Aontais um neamh-idirdhealú a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach trí bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- comhlachtaí comhionannais;
- smachtbhannaí éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha;
- rochtain ar cheartas agus ar fhianaise d'íospartaigh a fheabhsú;
- cumhachtú agus comhar na ngeallsealbhóirí; agus
- cásdlí CBAE.

Déantar achoimre sna 'príomhthátail' a leagtar amach ag tús gach rannáin ar phríomhthorthaí na tuarascála. Tugtar samplaí de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu i mboscaí téacs breise.

2. CUR CHUN FEIDHME NA BPRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ A LEAGADH AMACH SA TUARASCÁIL ROIMHE SEO

Cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil roimhe seo go bhfuil sé ríthábhachtach infheictheacht, ról agus feidhmiú neamhspleách na gcomhlachtaí comhionannais a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis na Treoracha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Mar thoradh air sin, glacadh na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais tar éis an togra ón gCoimisiún. Shainaithin an Coimisiún freisin gur gá faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha, agus tacaíocht á cur ar fáil sa réimse sin ag an am céanna. Scrúdaítear sa chaibidil seo a leanas cur chun feidhme na bpríomhbheart sin.

Na príomhthátail

- Is é is aidhm do na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais sainordú, neamhspleáchas, acmhainní agus cumhachtaí comhlachtaí comhionannais a neartú. Áirítear leis sin a sainchúram a leathnú chun na forais agus na réimsí a chumhdaítear leis an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta a chur san áireamh.
- Ní mór uirlisí agus acmhainní a bheith ag comhlachtaí comhionannais chun idirdhealú a chosc agus chun freagairt dó, lena n-áirítear idirdhealú struchtúrach.
- Ní mór cumhachtaí a bheith ag comhlachtaí comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte chun tacú le híospartaigh nó thar a gceann nó ina n-ainm féin chun leas an phobail a chosaint.
- Is iad smachtbhannaí ísle agus cur i bhfeidhm neamhéifeachtach smachtbhannaí na príomhbhaic sna córais smachtbhannaí.
- Dá ndéanfaí reachtaíocht a chomhdhlúthú agus smachtbhannaí réamhbhreathnaitheacha a thabhairt isteach, chuirfí feabhas ar na córais smachtbhannaí.

2.1. Comhlachtaí comhionannais níos láidre – spreagadh nua chun dlí an Aontais um neamh-idirdhealú a fhorfheidhmiú

Tá comhlachtaí comhionannais bunriachtanach chun dlí an Aontais um neamh-idirdhealú a fhorfheidhmiú. Go dtí 2024, ní dhearna an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch ach comhlachtaí comhionannais a chumhachtú chun cúnamh neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe agus chun a suirbhéanna, a dtuarascálacha agus a moltaí féin a dhéanamh agus a fhoilsiú ⁽¹⁵⁾.

Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil dheireanach maidir le cur i bhfeidhm na dTreoracha ⁽¹⁶⁾, tharraing an Coimisiún aird ar leibhéal éagsúla uailmhéine agus gnóthachtála sna Ballstáit. I measc na bpríomh-shaincheisteanna cothrománacha bhí neamhdhóthanacht acmhainní na gcomhlachtaí comhionannais, ó thaobh cistithe agus foirne de, feachtas teoranta ar na comhlachtaí comhionannais a bheith ann, agus a neamhspleáchas teoranta agus a seasamh dlíthiúil teoranta.

Ar an gcúis sin, ghlac an tAontas na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais chun a áirithiú, faoi mhí an Mheithimh 2026, gur fearr a bheidh na comhlachtaí comhionannais uile in ann an t-idirdhealú a chomhrac, tacú le híospartaigh agus comhionannas a chur chun cinn.

Leis na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais, leathnaítear sainchúram na gcomhlachtaí comhionannais chun idirdhealú ar fhorais aoise, reiligiúin nó creidimh, míchumais nó gnéaschlaonta i réimse na fostaíochta a chur san áireamh. Roimhe sin, tugadh sainordú do chomhlachtaí comhionannais le dlí an Aontais cóir chomhionann

⁽¹⁵⁾ Féach e.g. Airteagal 13(2) den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch.

⁽¹⁶⁾ SWD(2021) 63 final, 19.3.2021, [EUR-Lex - 52021SC0063 - GA- EUR-Lex](#).

gach duine a chur chun cinn, anailís agus faireachán a dhéanamh uirthi agus tacú léi ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh agus gnéis amháin.

Thairis sin, leis na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil comhlachtaí comhionannais neamhspleách agus na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais is gá a sholáthar dóibh. Ní mór do na hacmhainní sin a chur ar chumas na gcomhlachtaí comhionannais a gcúraimí uile a chomhlíonadh agus a gcumhachtaí uile a fheidhmiú go héifeachtach ar fud fhorais agus réimsí uile an idirdhealaithe.

Ar deireadh, neartaíodh raon feidhme chúraimí agus chumhachtaí na gcomhlachtaí comhionannais go suntasach. Ní féidir a sainordú a theorannú a thuilleadh d'fhreagairt don idirdhealú. Beidh gá acu freisin le cumhacht chun gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh, lena n-áirítear i ndáil le hidirdhealú ar bhonn aoise, reiligiúin nó creidimh, míchumais nó gnéaschlaonta i réimse na fostaíochta agus na gairmoiliúna.

Chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe struchtúracha an idirdhealaithe agus chun rannchuidiú leis an athrú sóisialta ⁽¹⁷⁾, déanfaidh comhlachtaí comhionannais gníomhaíochtaí maidir le múscailt feasachta, cosc agus cur chun cinn ⁽¹⁸⁾. D'fhéadfaí a áireamh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin dea-chleachtais a roinnt, gníomhaíocht dhearfach a dhéanamh, saincheistanna struchtúrtha a thuairisciú, príomhshruthú comhionannais i measc eintitis phoiblí agus phríobháideacha, agus oiliúint, faisnéis, comhairle, treoraíocht agus tacaíocht ábhartha a chur ar fáil d'eintitis den sórt sin.

Leis na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais, ceanglaítear ar na Ballstáit cumhachtaí dlíthíochta a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais ⁽¹⁹⁾. Roimhe seo, bhí éagsúlacht shuntasach i gcumhachtaí dlíthíochta na gcomhlachtaí sin ar fud an Aontais. Agus na caighdeáin nua i bhfeidhm, beidh na grúpaí uile a chosnaítear faoi dhlí an Aontais in ann tacaíocht a lorg ó chomhlachtaí comhionannais sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus leis an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

Go háirithe, leis na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais, ceadáítear do na Ballstáit comhlachtaí comhionannais a chumhachtú chun tacú le hiarrachtaí sásaimh aonair agus iarrachtaí comhshásaimh ⁽²⁰⁾ araon. Féadfaidh na Ballstáit comhlachtaí comhionannais a ainmniú chun gníomhú chun tacú le roinnt íospartach nó thar a gceann nó ina n-ainm féin chun idirdhealú a chomhrac ar mhaithe le leas an phobail. D'fhéadfadh gá a bheith leis sin, mar shampla, mar gheall ar fhlúirse nó ar thromchúis na gcásanna nó mar gheall ar an ngá atá le soiléiriú dlíthiúil. D'fhéadfadh

⁽¹⁷⁾ Féach aithris 23 de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle.

⁽¹⁸⁾ Féach Airteagal 5 agus Airteagal 17(c) de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle.

⁽¹⁹⁾ Féach Airteagal 10 de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle. Go háirithe, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil ceann amháin ar a laghad de na cearta seo a leanas ag an gcomhlacht comhionannais chun gníomhú in imeachtaí cúirte: (a) an ceart chun imeachtaí cúirte a thionscnamh thar ceann íospartach amháin nó roinnt íospartach; (b) an ceart chun páirt a ghlacadh in imeachtaí cúirte chun tacú le híospartach amháin nó roinnt íospartach; nó (c) an ceart chun imeachtaí cúirte a thionscnamh ina ainm féin, chun leas an phobail a chosaint.

⁽²⁰⁾ Is sásra dlí é comhshásamh lena gceadaítear do dhuine amháin nó níos mó (nádúrtha nó dlítheanach) gníomhaíocht chomhchoiteann a thionscnamh a bhféadfadh cur i bhfeidhm smachtbhannaí comhchoiteanna a bheith mar thoradh air.

gach ceann de na tosca sin a thabhairt le tuiscint gur de chineál struchtúrach nó córasach é an t-idirdhealú ⁽²¹⁾.

Leanfaidh comhlachtaí comhionannais dá gcúram lárnach a chomhlíonadh maidir le cúnamh a chur ar fáil d'íospartaigh idirdhealaithe chiníoch nó eitnigh, lena n-áirítear trí fhreagra a thabhairt ar gach gearán maidir le hidirdhealú ⁽²²⁾. Leathnófar an cúram sin anois chuig íospartaigh an idirdhealaithe san fhostaíocht ar bhonn aoise, reiligiúin nó creidimh, míchumais nó gnéaschlaonta. Ina theannta sin, faoi na Treoracha nua maidir le Comhlachtaí Comhionannais, ní mór cumhacht a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais freisin réiteach malartach díospóidí a thairiscint, fiosrúcháin a dhéanamh maidir le sárúithe ar phrionsabal na córa comhionainne agus tuairimí neamhcheangailteacha nó cinntí ceangailteacha a eisiúint ⁽²³⁾. Ní mór sásraí iomchuí feabhais, faireacháin agus forfheidhmithe a bheith san áireamh ina dtuairimí nó ina gcinntí.

Ghlac an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear liosta comhtháscairí maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais ⁽²⁴⁾. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé níos éasca faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na caighdeáin nua á gcur i bhfeidhm sna Ballstáit agus ar an tionchar atá acu ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais um neamh-idirdhealú.

Conclúidí

Ní mór do na Ballstáit:

- na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais a thrasú go hiomlán agus i gceart.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit trí chruinnithe sainghrúpa tiomnaithe agus trí ardán TF ar líne. Déanfaidh sé faireachán ar thrasú ceart na dTreoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais ag na Ballstáit ina reachtaíocht náisiúnta trí úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dó, lena n-áirítear idirphlé neamhfhoirmiúil agus nósanna imeachta foirmiúla um shárú.

2.2. Smachtbhannaí agus leigheasanna – an gá atá le coimircí níos láidre

Áirithítear le smachtbhannaí éifeachtacha go bhfaighidh íospartaigh an idirdhealaithe sásamh iomlán as an díobháil a rinneadh dóibh. Ina theannta sin, is féidir le smachtbhannaí agus leigheasanna a bheith mar chuid den tsraith straitéisí chun idirdhealú a chosc. Leis na Treoracha, ceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i leith

⁽²¹⁾ Féach aithris 35 de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle.

⁽²²⁾ Féach Airteagal 6 de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle.

⁽²³⁾ Ní mór do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an dtabharfar de chumhacht do chomhlacht comhionannais tuairimí neamhcheangailteacha nó cinntí ceangailteacha a eisiúint.

⁽²⁴⁾ IO L 2026/1196, 11.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1196/oj.

an idirdhealaithe agus a áirithiú go bhforfheidhmeofar iad. D'fhéadfadh íocaíocht cúitimh a bheith san áireamh sna smachtbhannaí ⁽²⁵⁾.

Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil dheireanach gur shuigh roinnt cúirteanna náisiúnta leibhéil réasúnta íseal damáistí, rud a dhíspreag íospartaigh caingean dlí a thabhairt nó cúiteamh airgid a iarraidh sa chúirt.

Ó foilsíodh an tuarascáil dheireanach, tá soiléiriú breise eisithe ag CBAE maidir le smachtbhannaí. Sa chás *Braathens Regional Aviation*, mhínigh CBAE go gcuireann dlí an Aontais cosc ar reachtaíocht intíre lena gceadófaí d'idirdhealú a bheith neamhaitheanta ag na cúirteanna má chomhaontaíonn an cosantóir an cúiteamh a d'iarr an t-éilitheoir a íoc ⁽²⁶⁾. Ní chomhlíonfadh rialacha den sórt sin, go háirithe, na ceanglais maidir le smachtbhannaí cúiteacha agus athchomhairleacha, toisc go gcuirfidís ar chumas dhéantóirí ciona gan éagóiritheoireacht a admháil chun a gcáil a chosaint.

Torthaí an staidéir ar smachtbhannaí maidir le hidirdhealú ar fhorais chiníocha, eitneacha agus reiligiúnacha

Cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil dheireanach an dúshlán a bhaineann le cur i bhfeidhm neamhleor smachtbhannaí. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún cuidiú leis na Ballstáit na forálacha maidir le smachtbhannaí a chur chun feidhme go héifeachtach agus choimisiúnaigh sé staidéar ar reachtaíocht agus ar chur i bhfeidhm smachtbhannaí maidir le hidirdhealú ciníoch, eitneach agus reiligiúnach ⁽²⁷⁾.

Léiríodh sna torthaí go bhfuil creataí smachtbhannaí ilroinnte. Tá na forálacha ábhartha scaipthe ar fud go leor dlíthe éagsúla. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair d'íospartaigh a gcearta agus na leigheasanna atá ar fáil dóibh a chinneadh.

I roinnt dlínsí, tá méideanna/raonta na smachtbhannaí dá bhforáiltear sa reachtaíocht íseal agus níl siad dian go leor chun déantóirí ciona féideartha a dhíspreagadh. Is minic a bhíonn liosta na smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith ann teoranta, rud a fhágann go mbíonn sé níos deacra iad a chur in oiriúint do shonraíochtaí agus do thromchúis an chiona. Ina theannta sin, is minic a bhíonn na smachtbhannaí a fhorchuirtear siombalach agus gar don íosmhéid dlíthiúil, agus bíonn costas na dlíthíochta ard, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'éifeachtacht an chórais agus íospartaigh a dhídhreasú chun idirdhealú a thuairisciú. Ina theannta sin, is annamh a leasaítear smachtbhannaí, agus tá smachtbhannaí as dáta nach gcuireann athruithe eacnamaíocha san áireamh, amhail boillsciú nó an costas maireachtála, ag go leor dlínsí.

Ar deireadh, is ar éagóiritheoireacht san am a chuaigh thart amháin a dhíríonn smachtbhannaí go ginearálta. Feidhmíonn siad chun pionós a chur ar an déantóir ciona nó cúiteamh a thabhairt don íospartach, gan a n-acmhainneacht a ghíaráil maidir le

⁽²⁵⁾ Féach Airteagal 15 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 17 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽²⁶⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 15 Aibreán 2021, *Diskrimineringsombudsmannen v Braathens Regional Aviation AB*, C-30/19, ECLI:AE:C:2021:269, mír 49.

⁽²⁷⁾ An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrtóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, Milieu Consulting, Adamis-Császár, K., Vancauwenbergh, S., Gustave, F. et al., *Staidéar ar smachtbhannaí maidir le hidirdhealú ar fhorais chiníocha/eitneacha/reiligiúnacha – Tuarascáil chríochnaitheach*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/7531428>.

cosc. Is iondúil go mbíonn bearta ⁽²⁸⁾ a bhfuil cuspóir coisctheach nó soch-choisctheach acu, amhail urghairí struchtúracha lena n-éilítear, e.g. pleananna dídheighilte nó oiliúint éigeantach do dhéantóirí ciona, in easnamh ⁽²⁹⁾.

Cuireadh i dtábhacht sa staidéar freisin an easpa smachtbhannaí le haghaidh cásanna idirdhealaithe a dhéanann difear do ghrúpaí móra íospartach neamh-inaitheanta ⁽³⁰⁾, lena n-áirítear cásanna a eascraíonn as úsáid intleachta saorga nó úsáid córas uathoibrithe.

I measc na ndúshlán breise tá breithniú neamhleor ar shaintréithe nó ar imthosca áirithe agus cinneadh á dhéanamh maidir le smachtbhanna nó méid an smachtbhanna. Is amhlaidh atá an cás go háirithe maidir le heilimintí nach gceanglaítear a chur san áireamh leis an dlí náisiúnta, amhail cásanna a bhaineann le hil-idirdhealú, idirdhealú trasnach nó idirdhealú algartamach.

Ina theannta sin, is minic a bhíonn moilleanna ar smachtbhannaí nó nach ndéantar iad a fhorghníomhú mar thoradh ar rialacha neamhleora maidir le forfheidhmiú agus faireachán. Ní dhéanann ach roinnt dlínsí foráil maidir le bearta forfheidhmiúcháin éifeachtacha, amhail íocaíochtaí pionósacha ⁽³¹⁾ nó fíneálacha coinníollacha ⁽³²⁾. Ar an gcaoi chéanna, tá bearta faireacháin, i bhfoirm tuairisciú leantach ó dhéantóirí ciona, éisteachtaí leantacha, agallaimh leantacha nó cigireachtaí leantacha, in easnamh den chuid is mó.

Thug na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara araon dá n-aire go bhfuil feasacht ar na cearta a shuitear leis na Treoracha íseal (féach 3.2). Tá feasacht ar na leigheasanna atá ar fáil teoranta freisin nó ní ann di fiú.

Níor sainaithníodh sa taighde aon riail náisiúnta shonrach chun feasacht a mhúscailt maidir le smachtbhannaí i leith idirdhealaithe. Díríonn formhór na bhfeachtas feasachta go ginearálta ar an idirdhealú a chomhrac, gan míniú a thabhairt ar an méid ar féidir le híospartaigh a bheith ag coinne leis ón gcóras ceartais nuair a sháraítear a gcearta. Ina theannta sin, tá ganntanas oiliúna spriocdhírithé ann maidir leis na smachtbhannaí sin do ghairmithe, lena n-áirítear breithiúna, rud a d'fhéadfadh difear

⁽²⁸⁾ D'fhéadfadh bearta den sórt sin a bheith i bhfoirm urghaire, i.e. ordú lena dtoirmisctear gníomhaíocht áirithe nó lena n-ordaítear gníomhaíocht áirithe. D'ordófaí le hurghaire bhunúsach do dhéantóirí ciona gníomhaíocht shonrach nó cineál gníomhaíochta a dhéanamh nó a stopadh. Féachann urghairí struchtúracha le dul i ngleic le hidirdhealú forleatach eagraíochtúil agus fiú le hidirdhealú atá leabaithe go córasach nach mbeadh athchóiriú sásúil mar thoradh ar urghaire bhunúsach ina leith (e.g. rialacháin inmheánacha a leasú). Féach freisin: Halberstam, D., Van den Bogaert, S., 'Breathnú Úr ar Leigheasanna Breithiúnacha i nDlí Comhionannais an AE agus Níos Faide Anonn – An Fhéidearthacht atá fós gan saothrú maidir le hUrghairí Struchtúracha', *Athbhreithniú ar Dhlí an Chómhargaidh*, Iml. 60, Eagrán 5, 2023, lgh. 1269-1312, <https://doi.org/10.54648/cola2023093>.

⁽²⁹⁾ Féach nóta 27.

⁽³⁰⁾ Mar shampla, ráitis a bhaineann le beartas earcaíochta idirdhealaitheach cé nach raibh aon nós imeachta earcaíochta oscailte ann agus nach raibh aon ghearánach inaitheanta ann a mhaígh gur íospartach idirdhealaithe é. Le haghaidh fíorais chomhchosúla, féach breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Iúil 2008, *Feryn*, C-54/07, ECLI:AE:C:2008:397 nó breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 25 Aibreán, *Asociația Accept*, C-81/12, ECLI:AE:C:2013:275.

⁽³¹⁾ Íocaíocht, a fhorchuireann cúirt de ghnáth arna iarraidh sin don íospartach, chun iallach a chur ar dhéantóir an chiona breithiúnas de bhua tuillteanaí a chomhlíonadh.

⁽³²⁾ Pionós a fhorchuireann cúirt nó comhlacht breithnithe nach dtagann chun bheith iníoctha ach amháin mura gcomhlíonann déantóir an chiona coinníollacha áirithe. Úsáidtear é mar dhíspreagadh chun comhlíontacht ordaithe nó ceanglais shonraigh a áirithiú.

a dhéanamh do chur i bhfeidhm smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha.

Leagtar béim sa treoir dea-chleachtais maidir le smachtbhannaí i leith idirdhealaithe, atá mar chuid den staidéar, ar roinnt cleachtas a bhfuil gealladh fúthu a cuireadh chun feidhme sna Ballstáit ⁽³³⁾.

Meastóireacht ar chórais smachtbhannaí ag na Ballstáit, ag comhlachtaí comhionannais agus ag an tsochaí sibhialta

Bhí braistintí sách éagsúil ag páirtithe leasmhara éagsúla ar éifeachtacht na gcórais smachtbhannaí. Cé gur mheas 12 as na 17 n-eagraíocht na sochaí sibhialta a ghlac páirt sa chomhairliúchán spriocdhírthe roimh an tuarascáil nach raibh smachtbhannaí i leith idirdhealaithe an-éifeachtach nó nach raibh siad éifeachtach ar chor ar bith, bhí freagróirí ó chomhlachtaí comhionannais roinnte go cothrom ina measúnú ar na smachtbhannaí, agus bhí na Ballstáit cinnte den chuid is mó d'éifeachtacht (cúig Bhallstát) nó d'éifeachtacht choibhneasta (16 Bhallstát) a gcórais smachtbhannaí.

Ba iad na cúiseanna a tugadh de ghnáth chun a mheas go raibh na córais smachtbhannaí éifeachtach ná gurb ann do smachtbhannaí, sásraí faireacháin agus forfheidhmithe a bheith ar fáil, nó gan léiriú lena líomhnaítear go bhfuil an córas smachtbhannaí ag feidhmiú go míshásúil. Mar sin féin, i gcás ina raibh deacrachtaí ann, shainaithin na páirtithe leasmhara uile go soiléir gurb í an mhainneachtain na smachtbhannaí forordaithe a chur i bhfeidhm sa chleachtas an príomhscrogall sna córais smachtbhannaí.

Chomhaontaigh na Ballstáit, na comhlachtaí comhionannais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a ndearnadh suirbhé orthu go gcuirfí feabhas ar na córais smachtbhannaí dá ndéanfaí an reachtaíocht a chomhdhlúthú agus dá dtabharfaí isteach smachtbhannaí réamhbhreathnaitheacha. Thairis sin, d'iarr eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar na Ballstáit il-idirdhealú agus idirdhealú trasnach a aithint agus a chur san áireamh ina gcórais smachtbhannaí. Dar leo, d'éascódh athchóirithe den sórt sin forfheidhmiú smachtbhannaí i leith idirdhealaithe, cur chuige íospartach-lárnach a dhaingniú agus cosc ar iompraíochtaí idirdhealaitheacha a chumasú seachas pionós amháin.

Ina bhfreagraí ar an gcomhairliúchán, níor mheas ach an Laitvia, an Phortaingéil agus an Spáinn gur ghá a gcórais smachtbhannaí a chur in oiriúint don úsáid mhéadaitheach a bhaintear as uirlisí cinnteoireachta algartamacha.

⁽³³⁾ An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, Milieu Consulting SRL, Adamis-Császár, K., Vancauwenbergh, S., Gustave, F. et al., *Conas is féidir le smachtbhannaí an t-idirdhealú a chosc agus a chomhrac go héifeachtach? – Treoir Dea-Chleachtais maidir le smachtbhannaí as idirdhealú ar fhorais chiníocha, eitneacha agus reiligiúnacha*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, lch. 32, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/0513884>.

Conclúidí

Ní mór do na Ballstáit:

- a áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm go héifeachtach sa chleachtas. Ba cheart do mhéideanna na smachtbhannaí airgeadaíochta an díobháil fhadtéarmach a dhéanann an t-idirdhealú a léiriú, sásamh a chur ar fáil d'íospartaigh agus athrú ó bhonn a spreagadh.

Ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- smachtbhannaí éifeachtacha a bhunú i leith idirdhealú a bhaineann le grúpaí móra íospartach neamh-inaitheanta, lena n-áirítear i gcásanna a eascraíonn as úsáid na hintleachta saorga nó córas uathoibrithe.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- tacú leis na Ballstáit trí chruinnithe a thionól chun smachtbhannaí a phlé laistigh den ghrúpa saineolaithe maidir le cur chun feidhme dhlí comhionannais an Aontais.

3. FORBAIRTÍ IS COITEANN DON DÁ THREOIR

Ó 2021 i leith, tá forbairtí déanta maidir le reachtaíocht, cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an dá Threoir, agus rinneadh taighde seachtrach ar an gcreat atá ann cheana, ar fhorálacha sonracha agus ar chur i bhfeidhm na dTreoracha. Tá na hábhair a phléitear thíos bunaithe ar na saincheisteanna a sainathnódh sa tuarascáil roimhe seo, ar fhorbairtí ina dhiaidh sin agus ar an aiseolas a fuarthas le linn comhairliúcháin spriocdhírithe.

Na príomhthátail

- Soláthraíonn na Ballstáit cosaint ar chiapadh, ar threoracha idirdhealú a dhéanamh agus ar íospairt. Tá éagsúlacht mhór sa chosaint sin ar fud na mBallstát agus uaireanta bíonn sí teoranta sa chleachtas.
- Tá méadú beag tagtha ar fheasacht ar sheirbhísí tacaíochta i measc grúpaí eitneacha agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo ó foilsíodh an tuarascáil dheireanach. Tá cleachtais lena n-éascaítear rochtain ar an gceartas curtha chun feidhme ag formhór na mBallstát, nó tá siad fós á gcur chun feidhme acu. Mar sin féin, is dúshlán suntasach fós é feasacht íseal ar chearta.
- Is minic nach dtuigeann cúirteanna agus dlíodóirí rialacha na dTreoracha a bhaineann leis an dualgas cruthúnais.
- Tá bearta i bhfeidhm ag formhór na mBallstát chun idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis an tsochaí shibhialta a chur chun cinn. Mar sin féin, ní hamhlaidh atá an cás go córasach ar fud na mBallstát uile ná i gcás gach forais idirdhealaithe. Ina theannta sin, deir an chuid is mó d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta go bhfuil dúshlán leanúnacha rompu.
- Ceadaíonn nó spreagann beagnach gach Ballstát gníomhaíocht dhearfach agus is beag dúshlán cur chun feidhme a tuairiscíodh.

3.1. Coincheap an ‘idirdhealaithe’

Mar a cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil roimhe seo, tagann roinnt saincheisteanna chun cinn maidir le coincheap an idirdhealaithe. Chomh maith le hidirdhealú ‘díreach’ agus ‘indíreach’ a shainmhíniú ⁽³⁴⁾, toirmisctear leis na Treoracha freisin ‘treoir idirdhealú a dhéanamh’ agus ‘ciapadh’. Tá cineálacha eile idirdhealaithe ann freisin, amhail idirdhealú ‘trí bhainteacht’ agus ‘trí thoimhde’.

Treoir idirdhealú a dhéanamh

Luaitear sna Treoracha go measfar gur idirdhealú é ‘treoir idirdhealú a dhéanamh in aghaidh daoine’ ar na forais a shonraítear sna Treoracha ⁽³⁵⁾.

Tar éis ghlacadh na dTreoracha, tugadh isteach an coincheap ‘treoir idirdhealú a dhéanamh’ i gcórais dlí na mBallstát uile. Mar gheall ar chineál ginearálta an toirmisc, áfach, tá an creat rialála sna Ballstáit éagsúil agus tá cásdlí intíre gann.

Chomh maith leis an toirmeasc ar threoracha sainráite idirdhealú a dhéanamh, measann 22 Bhallstát go dtoirmisctear lena reachtaíocht intíre freisin treoracha

⁽³⁴⁾ Féach Airteagal 2(2) de na Treoracha. Tagraíonn idirdhealú díreach do chásanna ina gcaitear le duine le níos lú fabhair ná mar a chaitear le duine eile i gcás inchomparáide ar fhorais a thionscnaimh chiníoch nó eitnigh, a reiligiúin nó a chreidimh, a mhíchumais, a aoise nó a ghnéaschlaonta. Cumhdaíonn idirdhealú indíreach forálacha (nó cleachtais) a dhealraíonn a bheith neodrach lena gcuirfí daoine de thionscnamh ciníoch nó eitneach nó daoine a bhfuil reiligiún nó creideamh ar leith, míchumas ar leith, aois ar leith nó gnéaschlaonadh ar leith acu faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile mura rud é go bhfuil údar oibiachtúil leis na forálacha (nó leis na cleachtais) sin de bharr aidhm dhlísteanach agus go bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.

⁽³⁵⁾ Féach Airteagal 2(4) de na Treoracha.

intuigthe, amhail léirithe tosaíochta nó spreagadh idirdhealú a dhéanamh ar fhoras cosanta amháin nó níos mó. I seacht mBallstát, ní mór caidreamh ordlathach a bheith ann idir an duine a thugann an treoir agus an duine a fhaigheann an treoir chun cosaint a spreagadh i gcoinne treoracha idirdhealú a dhéanamh. Ar deireadh, in 20 Ballstát, is féidir an duine a thugann an treoir agus an duine a fhaigheann an treoir araon a chur faoi dhliteanas ⁽³⁶⁾.

I dtuarascáil le déanaí maidir le treoracha idirdhealú a dhéanamh ⁽³⁷⁾, shainaithin saineolaithe 23 chás idir 2002 agus 2025. As na cásanna sin, bhain 14 cinn díobh le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus le soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht, agus taisceadh 17 gcinn díobh ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh. In 12 Bhallstát, ní raibh aon chásdlí ábhartha ann. Tugann údair na tuarascála le fios go n-eascraíonn an easpa cásdlí sin go páirteach as easpa tuisceana ar a bhfuil i gceist le treoir idirdhealú a dhéanamh. Is mó seans go dtabharfaidh éilitheoirí faoi chaingean le haghaidh idirdhealú díreach nó indíreach a luaithe a bheidh treoir ina cúis le hidirdhealú, seachas agóid a dhéanamh i gcoinne na treorach féin.

Ciapadh

Tugtar sainmhíniú ar chiapadh sna Treoracha. Mar sin féin, cuireann siad i bhfios go láidir freisin go bhféadfar coincheap an chiaptha a shainmhíniú i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta na mBallstát ⁽³⁸⁾. Tá an tírdhreach rialála sna Ballstáit fós éagsúil agus tá cásdlí gann.

Cuireann na Ballstáit toirmeasc ar chiapadh faoin dlí um neamh-idirdhealú nó faoin dlí coiriúil nó faoin dá cheann. De ghnáth, braitheann an rogha modhanna reachtacha ar cheann de na fachtóirí seo a leanas: cineál an chiona ⁽³⁹⁾, déine an ghnímh ⁽⁴⁰⁾ nó an intinn ⁽⁴¹⁾. Chuir na Ballstáit liosta fada agus éagsúil ar fáil freisin de shamplaí d'iompar a d'fhéadfadh teacht faoin sainmhíniú ar chiapadh. Braitheann a raon feidhme agus a gcineál ar an dlínse ⁽⁴²⁾.

Laistigh den earnáil fostaíochta, tá trí phríomhshamhail dliteanais tagtha chun cinn. D'fhéadfadh an té a dhéanann an ciapadh, an fostóir nó an bheirt acu a bheith faoi

⁽³⁶⁾ D'fhéadfadh figiúirí atá éagsúil ó na figiúirí a sholáthraíonn na Ballstáit a bheith sa litríocht ábhartha. Féach Dewhurst, E., Buendia, R., *Treoracha idirdhealú a dhéanamh faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/6242130>.

⁽³⁷⁾ Féach nóta 36, lch. 10.

⁽³⁸⁾ Féach Airteagal 2(3) de na Treoracha.

⁽³⁹⁾ Diríonn ciapadh 'idirdhealaitheach' ar an tionchar ar dhínit agus ar iompar an íospartaigh, ach diríonn ciapadh coiriúil ar dhéantóir an chiona a phionósú as cionta coiriúla.

⁽⁴⁰⁾ Tugann an dlí coiriúil aghaidh ar na cineálacha ciaptha is déine, amhail gríosú chun fuatha, clúmhillte, stalcaireachta nó bagairtí.

⁽⁴¹⁾ Is iondúil go mbíonn intinn, marthanacht agus díobháil ag teastáil ó chiapadh coiriúil. Níl gá leo sin faoin dlí um neamh-idirdhealú.

⁽⁴²⁾ Ina measc: caint mhíchúí nó caint mhaslach; táirgeadh, taispeánta nó scaipeadh pictiúr nó físeán nó focal scríofa; teagmháil fhisiciúil nó foréigean; bulaíocht; eisiámh; cáineadh nó rialú gan údar/leanúnach; an bonn a bhaint d'fheidhmíocht ghairmiúil nó ráflaí a scaipeadh; ró-ualú oibre d'aon ghnó nó spriocdhátáí dodhéanta a shocrú; uiríslíú; imeaglú nó bagairtí briathartha nó neamhbhriathartha; íde béil nó maslaí; scéalta grinn míchúí; brú síceolaíoch nó foréigean; gníomhartha nó iarratais neamh-inmhianaithe; gothaí; stalcaireacht; maslaí; fuathchaint nó siombailí fuatha; ciapadh ar líne; graifítí; agus diúltú aitheantas a thabhairt d'fhorainmneacha is fearr le duine.

dhliteanas. Ní raibh go leor Ballstát in ann cineálacha cosanta ar chiapadh a shonrú lasmuigh de réimse na fostaíochta. I gcás ina raibh faisnéis ar fáil, ba ghnách do na Ballstáit mionsaothrú a dhéanamh ar an gcreat rialála chun ciapadh a chomhrac i bhforais oideachais, i gcúram sláinte agus i riarachán poiblí.

I ndáil leis an méid sin, chuir roinnt Ballstát in iúl go bhféadfaí ní hamháin an té a dhéanann an ciapadh ach an comhlacht nó an institiúid ábhartha freisin a chur faoi dhliteanas i leith ciaptha mar gheall ar fhaillí i gcomhlíonadh a oibleagáide nó a hoibleagáide maidir le ciapadh a chosc ⁽⁴³⁾.

Leag deich mBallstát béim ar dheacrachtaí maidir le coincheap an chiaptha a chur i bhfeidhm faoin dlí náisiúnta. Go háirithe, léirigh na Ballstáit dúshlán maidir le fianaise a fháil chun ciapadh a chruthú. Ina theannta sin, cuireadh roinnt de na saincheisteanna i leith chur chun feidhme náisiúnta an dlí, ina n-éilítear iompraíocht a dhéantar arís agus arís eile, intinn (seachas éifeachtaí), sainaitheint daoine aonair nó grúpaí i gcásanna comhchosúla agus caidreamh ordlathach chun gurb ionann iompraíocht agus ciapadh. Ní cheanglaítear aon cheann díobh sin go sainráite faoi dhlí an Aontais.

I roinnt Ballstát, tá cásdlí suimiúil tagtha chun cinn maidir le cosaint ar chiapadh a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú ar líne a dhéanann difear do líon neamhshonraithe daoine agus chun grúpaí daoine aonair a chosaint ar idirdhealú.

Bosca 1. Samplaí de chásanna ciaptha sna Ballstáit ⁽⁴⁴⁾

- Sa Bhulgáir, bhí cás ann inar aicmigh an Chúirt Riaracháin Uachtarach postálacha maslacha sna meáin shóisialta ó pháirtí polaitiúil mar chiapadh ar fhoras gnéaschlaonta ⁽⁴⁵⁾. I gcinneadh eile, chinn an Chúirt gur ciapadh ar fhoras eitneachta é stiogmatú a dhéanamh ar ailt ar líne a bhí dírithe ar dhaoine de thionscnamh eitneach na Romach ⁽⁴⁶⁾.
- Sa Bheilg (i réimse na fostaíochta) ⁽⁴⁷⁾ agus san Iodáil ⁽⁴⁸⁾, d’aithin na cúirteanna ciapadh i gcásanna inar cuireadh tuairimí maslacha in iúl ar líonraí sóisialta nó ar ardáin chumarsáide, fiú más rud é nár roinneadh iad ach le líon teoranta daoine.

Idirdhealú trí bhainteacht nó trí thiomhde

⁽⁴³⁾ Chuir Málta i dtábhacht go gcruthaíonn creat den sórt sin dualgas cúraim dearfach d’fhostóirí, d’oideoirí agus do sholáthraithe seirbhíse chun ciapadh a chosc go gníomhach – ní hamháin idir an fhoireann ach idir an fhoireann agus tríú páirtithe freisin.

⁽⁴⁴⁾ Tagann na samplaí ón mBulgáir agus ón Iodáil lasmuigh de raon feidhme ábhartha na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch agus na Treorach maidir le Comhionannas Fostaíochta araon. Mar sin féin, tá siad ábhartha don choincheap ‘ciapadh’ mar a shainmhínítear sna Treoracha sin agus mar a chuirtear chun feidhme sa reachtaíocht náisiúnta é.

⁽⁴⁵⁾ Cúirt Riaracháin Uachtarach na Bulgáire, Cinneadh Uimh. 9763 an 16 Meán Fómhair 2024.

⁽⁴⁶⁾ Cúirt Riaracháin Uachtarach na Bulgáire, Cinneadh Uimh. 5014 an 14 Bealtaine 2025.

⁽⁴⁷⁾ Cúirt Achomhairc Antuairp, Breithiúnas Uimh. 2023/CO/654 an 27 Meitheamh 2024.

⁽⁴⁸⁾ Cúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh na hIodáile, Ordú Uimh. 14836 an 26 Bealtaine 2023.

Tarlaíonn idirdhealú trí bhainteacht nuair a dhéantar idirdhealú ar íospartach mar gheall ar an mbaint atá aige le duine aonair, grúpa nó saintréith atá faoi chosaint. D'aithin CBAE an cineál sin idirdhealaithe go comhsheasmhach ina cásdlí, an ceann is déanaí i ndáil le hidirdhealú indíreach ar fhorais mhíchumais (féach 5.3.) ⁽⁴⁹⁾. Ina theannta sin, cuireann 19 mBallstát toirmeasc sainráite anois ar idirdhealú trí bhainteacht ina reachtaíocht náisiúnta nó ina gcásdlí náisiúnta ⁽⁵⁰⁾.

Níor thug CBAE aghaidh go sainráite fós ar shaincheist an 'idirdhealaithe trí thoimhde'. Tarlaíonn sé sin nuair a dhéantar idirdhealú ar dhuine ar bhonn míthuisceana nó dearcadh mícheart go bhfuil ceann de na saintréithe cosanta aige. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, i sraith cásanna, go gcuimsíonn idirdhealú faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine idirdhealú trí thoimhde ⁽⁵¹⁾. Ina theannta sin, dealraíonn sé go gcuireann 19 mBallstát toirmeasc air cheana féin i reachtaíocht náisiúnta nó i gcásdlí ⁽⁵²⁾.

I roinnt Ballstát, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag idirdhealú trí bhainteacht nó trí thoimhde freisin i gcásanna maidir le ciapadh, íospairt nó diúltú cóiríochta réasúnta ⁽⁵³⁾. Is annamh a thagann tuiscintí den sórt sin ón reachtaíocht. Ina ionad sin, is minic a thagann siad ó chásdlí nó gur léiriú iad ar léirmhíniú na n-údarás a ndearnadh suirbhé orthu. Bhí Ballstáit eile neamhchinnte den chuid is mó faoi infheidhmeacht a reachtaíochta intíre maidir le cásanna den sórt sin.

D'ainneoin rialú na Cúirte sa chás *CHEZ* ⁽⁵⁴⁾, inar cinneadh nach mbraitheann idirdhealú trí bhainteachas ar chaidreamh pearsanta nó ar dhlúthchaidreamh idir an t-íospartach líomhnaithe agus an grúpa comhlachaithe, d'fhéadfadh roinnt Ballstát leanúint de bheith á éileamh.

II-idirdhealú

Aithnítear sa dá Threoir ⁽⁵⁵⁾ go bhféadfadh grúpaí áirithe daoine idirdhealú a fhulaingt ar níos mó ná foras amháin. Go dtí seo, tá reachtaíocht glactha ag 14 Bhallstát lena n-aithnítear go sainráite il-idirdhealú.

Laistigh de na 14 Bhallstát sin, tá éagsúlacht shuntasach idir na hiarmhairtí praiticiúla agus dlíthiúla a bhaineann le hil-idirdhealú a aithint. I roinnt Ballstát, déanann sé difear do chineál agus do dhéine na smachtbhannaí i leith idirdhealaithe. I mBallstáit eile, meastar go bhfuil sé ar cheann de na cineálacha idirdhealaithe is déine. In dhá Bhallstát, is féidir le hil-idirdhealú tairseach fianaiseach níos airde a leagan síos do

⁽⁴⁹⁾ Féach freisin breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 11 Meán Fómhair 2025, *Bervidi*, C-38/24, ECLI:AE:C:2025:690, míreanna 55 go 56.

⁽⁵⁰⁾ Walsh, J., *Idirdhealú trí bhainteacht agus idirdhealú trí thoimhde faoi threoracha 2000/43 agus 2000/78*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, lgh. 12-13, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/4086758>.

⁽⁵¹⁾ Féach e.g. *Timishev v an Rúis*, Uimh. 55762/00 agus 55974/00, an 13 Nollaig 2005.

⁽⁵²⁾ Féach nóta 50.

⁽⁵³⁾ I gcás *Bervidi* (féach nóta 49), rialaigh CBAE go bhféadfadh oibrithe nach bhfuil faoi mhíchumas tairbhe a bhaint freisin as cóiríocht réasúnta in imthosca áirithe.

⁽⁵⁴⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 16 Iúil 2015, *CHEZ Razpredelenie Bulgaria' AD v Komisija za zashtita ot diskriminatsia*, C-83/14, ECLI:AE:C:2015:480, míreanna 49 agus 56.

⁽⁵⁵⁾ Féach aithris 14 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus aithris 3 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

chosantóirí, toisc go bhfuil gá le cruthúnas ar leithligh maidir le neamh-idirdhealú i gcás gach forais.

Léirigh leath de na Ballstáit a aithníonn il-idirdhealú go sainráite deacrachtaí suntasacha maidir leis an gcoincheap a chur i bhfeidhm. I sé Bhallstát, tá easpa feasachta ann maidir le hil-idirdhealú. I gcúig Bhallstát, níl dóthain staidrimh ann maidir le forais ábhartha uile an idirdhealaithe. Mheas cúig Bhallstát freisin go raibh sé deacair grúpa cóimheasa iomchuí a shainaithint i staid níos fabhraí i gcásanna a bhaineann le hil-idirdhealú. Chuir comhlachtaí comhionannais ábhair inní den chineál céanna in iúl. Murab ionann agus na Ballstáit, áfach, thuairiscigh beagnach gach comhlacht comhionannais deacrachtaí maidir le cásanna il-idirdhealaithe a aithint.

Níl aon bhunús dlí ann chun idirdhealú trasnach a aithint i gceachtar den dá Threoir a chumhdaítear leis an tuarascáil seo ⁽⁵⁶⁾. Cé gur aithin CBAE go bhféadfadh idirdhealú a bheith bunaithe ar roinnt de na forais a chosnaítear faoi dhlí an Aontais, chinn sí freisin ‘nach bhféadfar a chinneadh gurb ann d’aon chatagóir nua idirdhealaithe a eascraíonn as teaghlaim de níos mó ná ceann amháin de na forais sin ... i gcás nár suíodh idirdhealú ar bhonn na bhforas sin arna nglacadh ina n-aonar’ ⁽⁵⁷⁾.

D’ardaigh eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí comhionannais a ndearnadh suirbhé orthu an gá atá le hidirdhealú trasnach a dhaingniú sa chreat dlíthiúil agus treoraíocht a thabhairt maidir le conas éilimh den sórt sin a chumadh, a mheasúnú agus a bhreithniú.

Ó 2021 i leith, tá tús curtha ag an Aontas le haghaidh a thabhairt ar idirdhealú trasnach go pointe áirithe i ndlí an Aontais. Sainmhínítear idirdhealú trasnach sa Treoir maidir le Trédhearcacht Pá ⁽⁵⁸⁾ den chéad uair i ndlí an Aontais ⁽⁵⁹⁾. Ceanglaítear leis na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais go dtabharfar de chumhacht do chomhlachtaí comhionannais idirdhealú trasnach a chur san áireamh ina ngníomhaíochtaí chun idirdhealú a chosc agus cóir chomhionann a chur chun cinn ⁽⁶⁰⁾. Thairis sin, leanann an Coimisiún d’aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le hidirdhealú trasnach i straitéisí comhionannais ⁽⁶¹⁾.

3.2. Rochtain ar cheartas – an bhearna d’íospartaigh a dhúnadh

Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear na daoine lena mbaineann ar an eolas faoi na dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear na Treoracha ar gach bealach iomchuí ar fud

⁽⁵⁶⁾ Idirdhealú a dhéantar ar bhonn roinnt foras pearsanta nó saintréithe/céannachtaí pearsanta, a oibríonn agus a idirghníomhaíonn le chéile ag an am céanna ar bhealach a fhágann go bhfuil siad doscartha.

⁽⁵⁷⁾ Féach breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 24 Samhain 2016, *David L. Parris v Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath* agus páirtithe eile, C-443/15, ECLI:AE:C:2016:897, mír 80.

⁽⁵⁸⁾ IO L 132, 17.5.2023, lch. 21, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32023L0970>.

⁽⁵⁹⁾ In Airteagal 3(2)(e), cuirtear toirmeasc sainráite leis an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá ar idirdhealú trasnach, a liostaítear mar chineál idirdhealaithe ar leith. Sainmhínítear idirdhealú trasnach ann mar ‘idirdhealú bunaithe ar theaghlaim de ghnéas agus d’aon fhoras nó forais eile idirdhealaithe a chosnaítear faoi Threoir 2000/43/CE nó 2000/78/CE’.

⁽⁶⁰⁾ Féach Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle agus Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2024/1500.

⁽⁶¹⁾ Féach e.g. COM(2025) 725 final an 8 Deireadh Fómhair 2025; COM(2026) 12 final an 20 Eanáir 2026.

a gcríche ⁽⁶²⁾. Is dúshlán mór fós é a áirithiú go bhfuil daoine ar an eolas faoina gcearta. Mar sin féin, tá feabhas ag teacht ar chúrsaí ar bhealaí áirithe ⁽⁶³⁾.

D'admhaigh leath de na Ballstáit (14) gur saincheist í easpa feasachta daoine maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as na Treoracha. Ar an gcaoi chéanna, d'áitigh beagnach gach eagraíocht na sochaí sibhialta, 8 gcinn de na 11 chomhlacht comhionannais agus Equinet go raibh feasacht neamhleor ann maidir le cearta agus oibleagáidí.

D'ainneoin an chomhdhearcaidh choibhneasta gurb í an easpa feasachta is bunchúis le forfheidhmiú neamhleor dhlí an Aontais um neamh-idirdhealú sna Ballstáit, is cosúil nach bhfuil sonraí maidir le leibhéil shonracha feasachta á gcoinneáil ag na Ballstáit ná ag comhlachtaí comhionannais ná ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Thairis sin, ní raibh faisnéis ach ag comhlacht comhionannais amháin maidir le feasacht an phobail i gcoitinne ar a ngníomhaíochtaí.

Bosca 2. Suirbhé maidir le feasacht ar obair comhlachta comhionannais

I Málta, rinne an Coimisiún um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) suirbhé teileafóin ionadaíoch in 2024. Fuarthas amach ann gur chuala 59 % den phobal i gcoitinne trácht ar CRPD agus ar a ngníomhaíochtaí.

Le linn an chomhairliúcháin, dúirt formhór na mBallstát (20) gur reáchtáil siad feachtais múscaillte feasachta maidir leis an neamh-idirdhealú ó 2021 i leith. Mar sin féin, níor reáchtáil ach roinnt Ballstát feachtais a bhí dírithe ar fhorais an idirdhealaithe a chosnaítear faoi na Treoracha. Dhírigh formhór na bhfeachtas eile ar fhoras gnéis. As an líon beag feachtas a bhaineann le forais a chumhdaítear leis na Treoracha, is lú fós an líon feachtas lenar tugadh aghaidh ar chearta agus oibleagáidí faoin dlí um neamh-idirdhealú. Ar an gcaoi chéanna, níor thug na feachtais a reáchtálann eagraíochtaí na sochaí sibhialta aghaidh ach ó am go chéile ar chearta agus oibleagáidí dlíthiúla faoin dlí um neamh-idirdhealú.

Áirítear ar shamplaí d'fheachtais ábhartha iad siúd a dhéanann frithghiofógachas a chomhrac (i gceithre Bhallstát), idirdhealú LADTIA+ (i gcúig Bhallstát) agus ciníochas (i gcúig Bhallstát). Dhírigh roinnt feachtas spriocdhírthe freisin ar idirdhealú aoise, ar inrochtaineacht agus ar thithíocht.

Ina theannta sin, de ghnáth díríonn na feachtais a thuairiscíonn na cineálacha páirtithe leasmhara uile ar an bpobal i gcoitinne agus is annamh a dhéantar meastóireacht orthu maidir lena dtionchar, seachas trácht meán sóisialta a rianú nó uimhreacha gearáin a chomhaireamh. Ar deireadh, chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta i dtábhacht nach bhfuil feachtais roinnt Ballstát á gcothabháil le himeacht ama.

⁽⁶²⁾ Féach Airteagal 10 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 12 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽⁶³⁾ Mar shampla, níor chuala ach 39 % de fhreagróirí ar shuirbhé EU-MIDIS III ar ghrúpaí eitneacha nó inimirceacha faoi chomhlacht comhionannais amháin ar a laghad ina dtír chónaithe. Tráth na tuarascála roimhe sin, ní raibh ach 29 % den ghrúpa sin ar an eolas faoi aon eagraíocht a chuireann tacaíocht nó comhairle ar fáil dóibh siúd a ndearnadh idirdhealú orthu. Mar sin féin, tugann FRA dá aire, cé go bhfuil feasacht níos airde ar chomhlachtaí comhionannais sonracha, nach gcomhghaolaíonn sé sin le méadú suntasach ar idirdhealú a thuairisciú.

Bosca 3. Ardán frith-idirdhealaithe chomhlacht comhionannais na Fraince

(⁶⁴)

In 2021, sheol comhlacht comhionannais na Fraince Défenseur des droits [Cosantóir na gCeart] ardán frith-idirdhealaithe. Spreag an t-ardán cruthaitheoirí ábhair meán sóisialta chun a ghníomhaíochtaí frith-idirdhealaithe a chur chun cinn. Reáchtáil an comhlacht comhionannais feachtas ceannaigh eochairfhocail freisin chun cuairteoirí a atreorú chuig an ardán. Faoi 2024, bhí 2 109 000 amharc aige. Ba iad ‘ciapadh ag an obair’, ‘idirdhealú ciníoch’ agus ‘ciapadh síceolaíoch ag an obair’ na heochairfhocail ba mhó a cuardaíodh ar líne.

Chomh maith le heaspa feasachta, shainaithin na comhlachtaí comhionannais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta eagla roimh íospairt agus ‘neamhionannas arm’ (⁶⁵) mar phríomhbhacainní ar rochtain a fháil ar an gceartas. Mheas siad freisin go raibh bac á chur ar rochtain ar an gceartas mar gheall ar chomhairle agus cúnamh dlí neamhleor, castacht imeachtaí dlíthiúla agus bacainní nós imeachta, lena n-áirítear easpa comhshásaimh i roinnt Ballstát.

Sainaithníodh sa tuarascáil roimhe seo maidir le cur i bhfeidhm an dá Threoir raon dea-chleachtas arb é is aidhm dóibh é a dhéanamh níos éasca cearta íospartaigh an idirdhealaithe a chosaint (⁶⁶). Tá cuid de na cleachtais sin curtha chun feidhme nó á gcur chun feidhme ag 21 Bhallstát san iomlán, agus is iad cúnamh dlíthiúil (12 Bhallstát), tuairisciú ar líne agus rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí áitiúla (ocht mBallstát) na cleachtais is coitianta.

Seachas sin, is annamh a dhéanann na Ballstáit bearta chun aghaidh a thabhairt ar na baic nós imeachta ar rochtain éifeachtach ar an gceartas. Mar shampla, ní raibh ach dhá Bhallstát a tharscaoil táillí cúirte le haghaidh cásanna idirdhealaithe nó a bhunaigh comhlachtaí um réiteach díospóidí inrochtana agus níor chuir ach Ballstát amháin cistí ar bun chun cumhdach roimh ré ar chostais dhlíthiúla a chur ar fáil d’íospartaigh. Cé gur sainaithníodh é mar dhea-chleachtas sa tuarascáil roimhe seo, níor laghdaigh aon Bhallstát táillí cúirte le haghaidh cásanna idirdhealaithe.

Cuideoidh na Treoracha nua maidir le Comhlachtaí Comhionannais le haghaidh a thabhairt ar chuid de na saincheistanna a sainaithníodh, go háirithe trí chumhachtaí níos mó a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais chun cúnamh saor in aisce agus seirbhísí réitigh malartaigh díospóide a sholáthar agus trí chumhachtaí dlíthíochta a thabhairt dóibh.

Bealach eile chun rochtain íospartach ar an gceartas a fheabhsú is ea go gcomhoibreodh comhlachtaí comhionannais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar chásanna dlíthíochta straitéiseacha.

(⁶⁴) Défenseur des droits, [Plateforme AntiDiscriminations.fr](https://plateforme-antidiscriminations.fr) - [Agir contre les discriminations](#).

(⁶⁵) Is gné amháin den choincheap níos leithne maidir le triail chóir é prionsabal an chomhionannais arm. Ní mór deis réasúnach a thabhairt do gach páirtí a chás a chur i láthair faoi choinníollacha nach gcuireann faoi mhíbhuntáiste iad vis-à-vis a bhfreasúróir. Féach e.g. breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 22 Feabhra 1996, *Bulut v an Ostair*, 17358/90, ECLI:CE:ECHR:1996:0222JUD001735890, mír 47.

(⁶⁶) Féach COM(2024) 419 final an 25 Meán Fómhair 2024, [EUR-Lex - 52024DC0419 - GA- EUR-Lex](#), lch. 6.

3.3. Cás idirdhealaithe a chruthú

Leagadh béim sa tuarascáil dheireanach ar dheacrachtaí maidir le hidirdhealú a chruthú mar phríomhdhúshlán don fhorfheidhmiú. Léirítear sa tuarascáil seo go bhfuil inní fós ar pháirtithe leasmhara faoi idirdhealú a chruthú i ndáil le hidirdhealú indéach, ciapadh, treoracha idirdhealú a dhéanamh, il-idirdhealú agus íospairt.

Dualgas cruthúnais

Faoi na Treoracha, baineann gearánaigh tairbhe as aistriú an dualgais cruthúnais ⁽⁶⁷⁾. Ceanglaítear leis na Treoracha, i gcás ina gcuireann an gearánach fíorais i láthair ónar féidir a thiomhdiú go ndearnadh idirdhealú, go n-aistreofar an dualgas cruthúnais chuig an gcosantóir. Mar sin féin, tá dúshlán iomadúla roimh chur chun feidhme praiticiúil an phrionsabail sin.

Maidir le haistriú an dualgais cruthúnais a chur i bhfeidhm bhí bacainní suntasacha roimh thrí cheathrú de na comhlachtaí comhionannais a ndearnadh suirbhé orthu agus 14 Bhallstát. Go sonrach, tharraing siad aird go príomha ar easpa feasachta nó tuisceana go ginearálta ar rialacha an dualgais cruthúnais i measc cúirteanna agus dlíodóirí.

D’ainneoin na ndúshlán a bhí ann, níor chuir ach dhá Bhallstát bearta chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhaineann leis na rialacha maidir leis an dualgas cruthúnais a chur i bhfeidhm. Os a choinne sin, rinne formhór na gcomhlachtaí comhionannais roinnt beart, lena n-áirítear tograí le haghaidh athruithe reachtacha chun tairseach an dualgais cruthúnais a ísliú ⁽⁶⁸⁾, moltaí d’údarais phoiblí, oiliúint do na breithiúna, oiliúint don tseirbhís phoiblí agus d’fhostóirí agus aistriú an dualgais cruthúnais a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dtuairimí neamhcheangailteacha, ina mbailiú fianaise agus ina n-ábhair threoraíochta.

Fianaise

Leag na Ballstáit agus na comhlachtaí comhionannais a ndearnadh suirbhé orthu araon béim ar dheacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar fhianaise chun an dualgas cruthúnais tosaigh a chomhlíonadh. Mar a luadh sa tuarascáil roimhe seo, tá deacrachtaí fós ag a bhformhór sonraí maidir le hidirdhealú a bhailiú agus a fhoilsiú. Ina theannta sin, is annamh a bhailítear fianaise agus a dhéantar tástáil córais sa réimse

⁽⁶⁷⁾ Féach Airteagal 8 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 10 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽⁶⁸⁾ Mar shampla, mhol an comhlacht comhionannais sa Ghearmáin an ceanglas chun míbhuntáiste a chruthú a laghdú, sholáthair sé táscairí chun fianaise *prima facie* a shuí agus mhol sé ceart a leagan amach maidir le faisnéis i gcoinne an chosantóra.

digiteach (féach 7.2). Mar sin féin, úsáidtear roinnt modhanna malartacha, amhail tástáil staide ⁽⁶⁹⁾ agus rúnsiopadóireacht ⁽⁷⁰⁾, i roinnt Ballstát.

Ceadaíonn 16 Bhallstát san iomlán tástáil staide chun idirdhealú a chruthú. Thuairiscigh leath de na comhlachtaí combhionannais gur úsáid siad rúnsiopadóireacht agus tástáil staide chun patrúin idirdhealaithe a shainaithint. De réir Equinet, tá sé cruthaithe go bhfuil na modhanna sin éifeachtach chun idirdhealú a bhrath, go háirithe sna hearnálacha fostaíochta agus tithíochta.

3.4. Íospairt

Ní mór do na Ballstáit daoine aonair a chosaint ar íospairt, rud a chiallaíonn aon chóir dhíobhálach nó iarmhairtí díobhálacha a eascraíonn as gearán nó as imeachtaí idirdhealaithe ⁽⁷¹⁾. Léirmhíonann CBAE an coincheap sin go leathan, agus leathnaíonn sé chuig aon duine a d'fhéadfadh a bheith thíos le hiarmhairtí díobhálacha as gearán a dhéanamh nó imeachtaí a thionscnamh ⁽⁷²⁾. Sa chleachtas, áfach, tá cur chun feidhme na cosanta sin sna Ballstáit fós míchothrom agus teoranta, mar a leagtar amach sa tuarascáil roimhe seo.

Tugann na Ballstáit uile cosaint go sainráite ar íospairt ar gach foras i réimse na fostaíochta. Ní thugann roinnt Ballstát cosaint go sainráite ar íospairt ar fhoras tionscnaimh chiníoch nó eitnigh i réimsí an oideachais, na cosanta sóisialta, agus na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí.

Ní hionann an raon feidhme pearsanta a thuairiscítear maidir le cosaint ar íospairt ar fud na mBallstát. Chomh maith le híospartaigh agus gearánaigh, thuairiscigh 17 mBallstát go gcosnaíonn a reachtaíocht intíre nó a gcásdlí finnéithe agus daoine aonair a thacaíonn le híospartach. Ina theannta sin, dúirt 13 Bhallstát go leathnaíonn siad an chosaint sin chuig ionadaithe dlíthiúla agus ionadaithe eile, dúirt 14 Bhallstát go gcosnaíonn siad daoine aonair atá thíos le toimhde nó bainteacht agus dúirt 10 mBallstát go dtugann siad cosaint do dhaoine aonair a gcaitear leo ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna as idirdhealú a dhiúltú.

Níor thuairiscigh ach seacht mBallstát teorainneacha nó deacrachtaí maidir le cosaint éifeachtach ar íospairt a áirithiú sa chleachtas. I measc teorainneacha nó deacrachtaí den sórt sin bhí nósanna imeachta tuairiscithe foirmiúla, tairseach ard fianaise agus

⁽⁶⁹⁾ Is éard is tástáil staide ann modh ar dá réir a roghnaítear péirí tástálaithe (iarratasóirí ar chóiríocht nó ar fholúntas poist nó cliaint bhialainne, club oíche, etc.) ar bhealach ina bhfuil siad éagsúil ar bhonn saintréith aonair amháin a léiríonn an foras idirdhealaitheach (inscne, eitneacht, aois, míchumas, reiligiún nó creideamh, nó gnéaschlaonadh) atá faoi ghrinnscrúdú. Má chaitear go difriúil le duine de chomhaltaí na beirte, léiríonn an t-idirdhealú iompar idirdhealaitheach. Féach Rorive, I., *Proving Discrimination Cases – The role of situation testing*, Migration Policy Group, Centre for Equal Rights, 2009, [Proving Discrimination Cases – The role of situation testing | Migration Policy Group](#).

⁽⁷⁰⁾ Is teicníc í rúnsiopadóireacht a úsáidtear chun a sheiceáil an nglacann daoine aonair nó eintitis le hiarrataí idirdhealaitheacha. Déanann imscrúdaitheoirí iarrataí idirdhealaitheacha ar ghníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí nó ar ghníomhaireachtaí eastáit réadaigh, mar shampla. Féach [Tests de situation et mystery shopping en cas de discrimination | Unia](#).

⁽⁷¹⁾ Féach Airteagal 9 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 11 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽⁷²⁾ Féach breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 20 Meitheamh 2019, *Hakelbracht agus páirtithe eile*, C-404/18, ECLI:AE:C:2019:523, míreanna 26-30.

raon feidhme pearsanta teoranta na cosanta. Is ar éigean atá aon dea-chleachtas ná cásdlí a bhaineann le cosaint ar íospairt sna Ballstáit.

3.5. Comhar maidir leis na Treoracha a chur i bhfeidhm

Foráiltear leis na Treoracha go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú in éineacht le hidirphlé le comhpháirtithe a dhéanann ionadaíocht ar chomhleasanna grúpaí atá i mbaol idirdhealaithe. Go deimhin, ceanglaítear leo ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun idirphlé sóisialta a chur chun cinn idir an dá thaobh den tionscal d'fhonn cóir chomhionann a chothú ⁽⁷³⁾ agus idirphlé le heagraíochtaí neamhrialtasacha a spreagadh ⁽⁷⁴⁾.

Thuairiscigh formhór na mBallstát go raibh bearta i bhfeidhm acu chun idirphlé sóisialta a chur chun cinn idir an dá thaobh den tionscal chun cóir chomhionann a chothú. Is é an bealach is forleithne chun é sin a dhéanamh ná trí chomhlachtaí trípháirteacha ⁽⁷⁵⁾, atá i láthair i 10 mBallstát ar a laghad.

Ar an gcaoi chéanna, tá fóraim rialaithe curtha ar bun ag roinnt Ballstát maidir le neamh-idirdhealú, cearta na Romach, daoine faoi mhíchumas nó daoine scothaosta. Bíonn comhlachtaí rialtais, an tsochaí shibhialta agus príomhpháirtithe leasmhara eile rannpháirteach iontu sin. Mar sin féin, ní dhéantar é sin go córasach ar fud na mBallstát uile ná i gcás gach forais idirdhealaithe.

De réir eagraíochtaí na sochaí sibhialta, tá sé fós dúshlánach dul i mbun idirphlé praiticiúil maidir leis an idirdhealú a chomhrac. Thuairiscigh beagnach trí cheathrú de fhreagróirí na sochaí sibhialta ar an suirbhé (12 as 17) go raibh deacrachtaí acu. Níor tháinig aon athrú den chuid is mó ar na príomh-shaincheisteanna ó foilsíodh an tuarascáil dheireanach ⁽⁷⁶⁾.

Ní théann na Ballstáit i dteagmháil leis an tsochaí shibhialta chomh minic céanna le linn chéim chur chun feidhme na mbeartas ná mar a dhéantar le linn chéim an deartha. Tá an cinneadh sin arna bhunú ar fhreagraí na mBallstát athluaite freisin ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta a ndearnadh suirbhé orthu. Mar shampla, bhí an tsochaí shibhialta páirteach i gcomhairliúcháin reachtacha nó beartais in dhá thrían de na Ballstáit. Mar sin féin, chomhoibrigh beagán níos lú ná leath de na Ballstáit le heagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le bearta frith-idirdhealaithe a chur chun feidhme, agus bhí níos lú díobh rannpháirteach i saincheisteanna idirdhealaithe a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu (10 agus 8 mBallstát, faoi seach).

⁽⁷³⁾ Féach Airteagal 11 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 13 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽⁷⁴⁾ Féach Airteagal 12 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 14 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽⁷⁵⁾ Is éard atá i gceist le hidirphlé trípháirteach plé idir údaráis phoiblí agus comhpháirtithe sóisialta maidir le saincheisteanna leasa choitinn.

⁽⁷⁶⁾ Féach COM(2021) 139 final an 19 Márta 2021, [EUR-Lex - 52021DC0139 - GA - EUR-Lex](#), lch. 12.

3.6. Príomhshruthú inscne

Leis na Treoracha, ceanglaítear ⁽⁷⁷⁾ ar an gCoimisiún tuairisciú ar thionchar na mbeart ar mhná agus ar fhir, i gcomhréir le prionsabal an phríomhshruthaithe inscne.

Is cosúil go ndearna na Ballstáit measúnuithe teoranta ar thionchar sonrach na dTreoracha ar fhir agus ar mhná. Cé gur thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh éifeachtaí ar leith ag an gcur chun feidhme ar ghrúpaí áirithe fear agus ban, go ginearálta níor míníodh na héilimh sin ná níor tacaíodh leo le sonraí. Thug Ballstát amháin dá aire gur tháinig méadú ar chásanna dlí a bhaineann le teaghlaim de hidirdhealú inscne agus aoise.

Go ginearálta, is annamh a dhéantar idirdhealú sonrach idir riachtanais na bhfear agus na mban i mbeartais na mBallstát maidir leis na forais chosanta a chumhdaítear leis na Treoracha. Luaigh roinnt Ballstát cur chuige trasnach a ghlacadh ina ndoiciméid bheartais, agus shainaithin Ballstáit eile dúshlán shonracha a bhíonn roimh ghrúpaí áirithe ban. Bhí samplaí aonair ann de bhearta spriocdhírithe do mhná Romacha agus do mhná faoi mhíchumas.

Idir an dá linn, déanann freagróirí ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta inscne a phríomhshruthú go gníomhach ina ngníomhaíochtaí agus díríonn siad go sonrach ar mhná ó ghrúpaí agus ó phobail faoi mhíbhuntáiste.

Chuir EIGE agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta araon i dtábhacht go bhfuil éagsúlacht mhór idir na Ballstáit maidir le príomhshruthú inscne a chur chun feidhme agus gur minic nach leor é chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shonracha. Thug EIGE dá aire gur shuigh roinnt tíortha creataí cuimsitheacha agus acmhainní tiomnaithe, ach go bhfuil tíortha eile chun deiridh ⁽⁷⁸⁾.

3.7. Gníomhaíocht dhearfach

Chun comhionannas iomlán a áirithiú sa chleachtas, féadfaidh na Ballstáit bearta sonracha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dóibh idirdhealú a chosc nó míbhuntáistí a bhaineann le saintréithe cosanta a chúiteamh ⁽⁷⁹⁾. Tá treoraíocht curtha ar fáil ag CBAE maidir le gníomhaíocht dhearfach a léirmhíniú ⁽⁸⁰⁾. Ní mór gníomhaíocht dhearfach a bheith comhréireach agus, i bprionsabal, níor cheart tosaíocht uathoibríoch ná neamhchoinníollach a thabhairt do ghrúpaí faoi

⁽⁷⁷⁾ Féach Airteagal 17(2) den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 19(2) den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽⁷⁸⁾ Mar shampla, bhí na torthaí do tháscaire príomhshruthaithe inscne EIGE idir 71 % sa Spáinn agus nialas san Ungáir, agus scór níos lú ná 50 % ag 21 Bhallstát. Tugann sé sin le fios go bhféadfadh go leor tíortha níos mó a dhéanamh chun ábhair inní maidir le comhionannas inscne a phríomhshruthú go héifeachtach i bpróisis bheartais. Féach: EIGE, *Institutional mechanisms that deliver on gender equality and gender mainstreaming* [Sásraí institiúideacha lena soláthraítear comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, lch. 14.

⁽⁷⁹⁾ Féach Airteagal 5 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 7 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽⁸⁰⁾ Féach, ach go háirithe, na breithiúnais i gCásanna C-450/93, *Eckhard Kalanke v Freie Hansestadt Bremen*; C-409/95, *Hellmut Marschall v Land Nordrhein-Westfalen*; C-158/97, *Georg Badeck agus páirtithe eile*; C-407/98, *Katarina Abrahamsson agus Leif Anderson v Elisabet Fogelqvist*; C-476/99, *H. Lommers v Minister van Landbouw, Natuurbeheer en Visserij*; C-559/07, *an Coimisiún v an Ghréig*, i measc breithiúnas eile.

ghannionadaíocht mar thoradh uirthi. Ba cheart do chomhlachtaí a ghlacann bearta dearfacha faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus faisnéis fúthu a fhoilsiú, chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith riachtanach agus éifeachtach ⁽⁸¹⁾.

Tá gníomhaíocht dhearfach á ceadú nó á cur chun cinn ag beagnach gach Ballstát, agus is iad córais chuótaí agus feachtais chunfeasacht a mhúscailt agus éagsúlacht a chur chun cinn na bearta is coitianta (17 mBallstát). Cuireann 14 Bhallstát san iomlán cláir oiliúna agus mheantóireachta ar fáil do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, tá bearta speisialta glactha ag 13 Bhallstát, amhail rochtain ar oideachas nó ar ghairmoiliúint a fheabhsú, agus déanann 13 Bhallstát tionscnaimh spriocdhírithe earcaíochta agus fostaíochta ⁽⁸²⁾.

I gcás ina n-úsáidtear iad, is san fhostaíocht agus sa ghairmoiliúint is mó a bhíonn feidhm ag córais cuótaí (12 Bhallstát). Go háirithe, tá cuótaí fostaíochta sonracha ag roinnt Ballstát do dhaoine faoi mhíchumas. I gceithre Bhallstát, tá feidhm acu freisin maidir le hoideachas (e.g. scoláireachtaí agus iontrálacha ollscoile). Is cosúil go ndíríonn cuótaí beagnach go heisiach ar chomhionannas inscne nó ar dhaoine faoi mhíchumas.

Thuairiscigh níos lú ná leath de na Ballstáit deacrachtaí maidir le gníomhaíocht dhearfach a chur chun feidhme. D'ardaigh aon trian díobh forfheidhmiú neamhleor agus easpa treoraíochta maidir le dlí agus beartais intíre. I gcás ina raibh deacrachtaí ann, is minic a luaigh na Ballstáit acmhainní agus cistiú neamhleor agus tuiscint theoranta i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara. Leag cúig Bhallstát béim ar dhearcadh diúltach an phobail agus ar róspleáchas ar thionscnaimh dheonacha.

Idir an dá linn, d'oibrigh an tsochaí sibhialta agus comhlachtaí comhionannais chunfeasacht a mhúscailt maidir le gníomhaíocht dhearfach i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara. Chuir siad a mbearta gníomhaíochta dearfaí féin chun feidhme freisin, go himmheánach agus go seachtrach araon.

Bosca 4. Ardán 'Angajez 45+' ('I hire 45+') sa Rómáin ⁽⁸³⁾

Sa Rómáin, spreagann an t-ardán 'Angajez 45+' ('I hire 45+') fostóirí agus cuardaitheoirí poist chun dúshlán a thabhairt do chleachtais earcaíochta aoiseacha. Leis an tionscnamh seo atá faoi stiúir na sochaí sibhialta, cuirtear fostaíocht daoine 45 bliana d'aois agus níos sine chun cinn trí earcaíocht ionchuimsitheach a spreagadh agus trí luach na taithí san ionad oibre a léiriú.

⁽⁸¹⁾ Féach freisin Giteva, D., 'Positive action on the grounds of racial or ethnic origin within the EU with a focus on Bulgaria, Greece and Hungary', in: *European equality law review 2024*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, lgh. 26-42.

⁽⁸²⁾ Cuireann roinnt tíortha bearta breise ar fáil, amhail dreasachtaí airgeadais do chuideachtaí a chuireann éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn (naoi mBallstát) agus cláir chun tacú le forbairt gnó i measc grúpaí faoi mhíbhuntáiste (sé Bhallstát).

⁽⁸³⁾ [Angajez 45+ | D&I România | Discriminarea de vârstă](#).

Conclúidí

Ní mór do na Ballstáit agus dá gcomhlachtaí comhionannais an méid seo a leanas a dhéanamh:

- feasacht a mhúscailt maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar amach sna Treoracha. Go háirithe, ba cheart dóibh díriú ar ghrúpaí faoi chosaint, agus leas á bhaint acu as saineolas agus as for-rochtain na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta.
- rochtain éasca a thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe agus dá n-ionadaithe ar an bhfianaise ábhartha, lena n-áirítear sonraí staidrimh, is gá chun idirdhealú a léiriú agus chun an dualgas cruthúnais a aistriú chuig na cosantóirí.

Ba cheart do na Ballstáit agus dá gcomhlachtaí comhionannais an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tuilleadh treoraíochta agus tacaíochta a thabhairt do bhreithiúna, do dhlíodóirí agus d'éilitheoirí chun cabhrú leo aistriú rialacha an dualgais cruthúnais a chur chun feidhme go héifeachtach i gcásanna idirdhealaithe.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar an gcaoi a mbailíonn siad agus a n-úsáideann siad sonraí comhionannais. Oibreoidh sé ar mholadh maidir le sonraí comhionannais, i gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta.
- tacú le tuilleadh taighde chun cur i bhfeidhm fhorálacha na dTreoracha maidir le ciapadh agus íospairt a éascú agus chun cur ar chumas íospartach leas iomlán a bhaint as an gcosaint a chuireann siad ar fáil.

4. GNÉITHE A BHAINNEANN GO SONRACH LEIS AN TREOIR MAIDIR LE COMHIONANNAS CINÍOCH

Sa tuarascáil roimhe seo, thug an Coimisiún forléargas cuimsitheach ar raon feidhme na Treorach agus ar an gcaoi a bhfuil an coincheap 'tionscnamh ciníoch nó eitneach' le tuiscint, ar bhonn chásdlí CBAE atá ar fáil. Leis na ranna seo a leanas, tugtar an fhaisnéis sin cothrom le dáta le forbairtí ábhartha ó 2021 i leith.

Na príomhthátail

- Féadfar rochtain ar thithíocht shóisialta agus soláthar tithíochta sóisialta a chumhdach leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch.
- Féadfar náisiúntacht nó tír bhreithe duine a chur san áireamh in éineacht le tosca eile agus cinneadh á dhéanamh ar tharla idirdhealú ar bhonn 'tionscnamh eitneach'.
- Leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch, cuirtear toirmeasc ar idirdhealú in aghaidh grúpa eitneach amháin agus grúpaí eitneacha iomadúla araon.

4.1. Raon feidhme ábhartha

Tithíocht

Ceann de na réimsí ina bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch is ea rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal, lena n-áirítear tithíocht, agus soláthar na n-earraí agus na seirbhísí sin ⁽⁸⁴⁾. Chuir CBAE soiléirithe tábhachtacha ar fáil le déanaí maidir le cé acu a thagann nó nach dtagann soláthar tithíochta sóisialta faoin raon feidhme sin i gcomhthéacs idirdhealú líomhnaithe ar fhorais tionscnaimh eitnigh i gcóras tithíochta teaghlaigh phoiblí i mBallstáit ⁽⁸⁵⁾.

Agus breithniú á dhéanamh an dtagann an cás faoi raon feidhme na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch, mheabhraigh an Chúirt ar dtús nach mór soláthar tithíochta mar mhalairt ar chíos, faoi scéim amhail an scéim atá i gceist sa chás seo, a mheas mar sholáthar ‘seirbhísí’, de réir bhrí Airteagal 57 CFAE agus, dá réir sin, de réir bhrí Airteagal 4(1) de Threoir 2006/123/CE ⁽⁸⁶⁾, ós rud é gur seirbhís é a sholáthraítear ar luach saothair ⁽⁸⁷⁾.

Thairis sin, chuir CBAE i dtábhacht nach mór gné eacnamaíoch a bheith ag gníomhaíocht chun í a mheas mar ‘sheirbhís’. Sa chomhthéacs sin, ní bhaineann sé le hábhar gur eagraíochtaí neamhbhrabúsacha iad na léasóirí poiblí a bhainistíonn an córas agus go bhfuil méid an chíosa a íocann na tionóntaí níos ísle ná praghas an mhargaidh. Chun go mbeidh gníomhaíocht ‘eacnamaíoch’, is leor nach gcuirtear ar fáil saor in aisce í ⁽⁸⁸⁾.

Níor chuir CBAE treoraíocht ar fáil go fóill maidir leis an gceist athfhillteach i dtaobh an bhféadfadh díshealbhuíthe ó thithíocht a tógadh go neamhdhleathach nó atá áitithe go neamhdhleathach teacht faoi raon feidhme na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch. Gan dochar d’inniúlacht CBAE dlí an Aontais a léirmhíniú ná d’aon soiléiriú a dhéanfaidh an Chúirt ar an ábhar amach anseo, ba cheart a chur in iúl nach gcumhdaítear leis an Treoir ach rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal agus soláthar na n-earraí agus na seirbhísí sin; in go leor cásanna díshealbhuíthe ó thithíocht atá áitithe go neamhdhleathach, ní dócha go gcomhlíonfar an critéar sin.

Oideachas

I mí na Nollag 2023, tharchuir an Coimisiún Poblacht na Slóvaice chuig CBAE i leith idirdhealú struchtúrach (féach 6.1). D’áitigh an Coimisiún, trí leanaí Romacha a chur, ar bhealach iomarcach, i scoileanna speisialta nó i ranganna speisialta do leanaí faoi mhíchumas intleachtúil nó eile, a leanann curaclam srianta, agus trí leanaí Romacha a leithscaradh, i ranganna ar leithligh i scoileanna príomhshrutha nó i scoileanna ar leithligh, gur mhainnigh Poblacht na Slóvaice, go córasach agus go leanúnach, a

⁽⁸⁴⁾ Féach Airteagal 3(1)(h) den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch.

⁽⁸⁵⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 18 Nollaig 2025, *Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge*, C-417/23, ECLI:AE:C:2025:1017.

⁽⁸⁶⁾ IO L 376, 27.12.2006, lch. 36, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2006/123/oj>.

⁽⁸⁷⁾ Féach nóta 85, mír 56.

⁽⁸⁸⁾ Féach nóta 85, míreanna 60-61.

hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch a chomhlíonadh ⁽⁸⁹⁾. Leis an rialú ón gCúirt, tá coinne leis go soiléireofar oibleagáidí na mBallstát maidir le hidirdhealú a chomhrac sa réimse sin.

4.2. An coincheap ‘tionscnamh ciníoch nó eitneach’

Is éard is ciníochas ann ná an creideamh go dtugann foras amhail ‘cine’ ⁽⁹⁰⁾ nó tionscnamh eitneach údar le drochmheas ar dhuine nó ar ghrúpa daoine, nó an nóisean go bhfuil duine nó grúpa daoine níos fearr ná a chéile ⁽⁹¹⁾. D’fhéadfadh idirdhealú bunaithe ar ‘tionscnamh ciníoch nó eitneach’ de réir bhrí na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch a bheith mar thoradh air.

Tá tuarascálacha foilsithe ag saineolaithe acadúla ina scrúdaítear na creataí dlíthiúla is mó de chuid an Aontais agus na mBallstát chun fuath frith-Mhoslamach agus frithsheimíteachas a chomhrac ⁽⁹²⁾.

Ní shainmhínítear an coincheap ‘tionscnamh ciníoch nó eitneach’ sa Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch. Ag tógáil ar a dlí-eolaíocht roimhe seo, sholáthair an Chúirt soiléirithe nua sa chás *Slagelse* ⁽⁹³⁾.

Mheabhraigh CBAE go bhfuil bunús an choincheapa ‘tionscnamh eitneach’, de réir bhrí na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch, sa choincheap de ghrúpaí sochaíocha a aithnítear go háirithe mar gheall ar náisiúntacht, creideamh reiligiúnach, teanga, bunús cultúrtha agus traidisiúnta agus cúlraí i gcoiteann acu ⁽⁹⁴⁾. Chuir an Chúirt i dtábhacht nach mór ‘tionscnamh eitneach’ a chinneadh ar bhonn tosca oibiachtúla agus suibiachtúla éagsúla, agus ní hamháin ar bhonn náisiúntachta nó tíre breithe ⁽⁹⁵⁾. Mheas an Chúirt, áfach, nuair a chuirtear le chéile iad le tosca eile, go bhféadfar náisiúntacht nó tír bhreithe duine a chur san áireamh chun a chinneadh ar tharla idirdhealú ar bhonn ‘tionscnamh eitneach’ ⁽⁹⁶⁾.

Go suntasach, shoiléirigh an Chúirt freisin, maidir leis an bhfíoras go bhféadfadh tionscnaimh eitneacha iomadúla a bheith i gceist le critéar ginearálta amhail ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ ⁽⁹⁷⁾, dá

⁽⁸⁹⁾ Cás C-799/23: Caingean arna tabhairt an 22 Nollaig 2023 — An Coimisiún Eorpach v Poblacht na Slóvaice, IO C, C/2024/1402, 19.2.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202401402.

⁽⁹⁰⁾ Leagann an Coimisiún béim ar an gcomhthuiscint go bhfuil ‘ciníocha’ bunaithe go hiomlán ar smaointe atá tógtha ar bhonn sóisialta agus diúltaíonn sé do choincheap na ‘gciníocha’ bitheolaíocha.

⁽⁹¹⁾ Feach COM(2026) 12 final an 20 Eanáir 2026, lch. 3.

⁽⁹²⁾ Féach Kádár, A., An creat dlíthiúil chun fuath frith-Mhoslamach a chomhrac san Aontas Eorpach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, lch. 11, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/0978883>; Kadar, A., An creat dlíthiúil chun frithsheimíteachas a chomhrac san Aontas Eorpach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, lch. 31, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/273421>.

⁽⁹³⁾ Féach nóta 85.

⁽⁹⁴⁾ Féach nóta 85, mír 72.

⁽⁹⁵⁾ Féach nóta 85, míreanna 72-74 agus 82-85.

⁽⁹⁶⁾ Féach nóta 85, mír 86.

⁽⁹⁷⁾ Sainmhíníodh ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ ar bhonn teaghlaim de náisiúntacht, tír bhreithe agus náisiúntacht tuismitheora/tír bhreithe, agus idirdhealú á dhéanamh idir tionscnaimh ‘de chuid an Iarthair’ agus tionscnaimh ‘de thíortha nach tíortha de chuid an

dtagraítear i reachtaíocht tithíochta teaghlaigh phoiblí na Danmhairge atá i gceist sa chás sin, nach n-eisiatar go huathoibríoch é ó bheith bunaithe ar ‘thionscnamh eitneach’. Dá ndéanfaí an coincheap ‘tionscnamh eitneach’ a léirmhíniú ar bhealach lena n-éileofaí go ndíreodh idirdhealú ar ghrúpa eitneach sonrach amháin, bhainfí an bonn d’éifeachtacht na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch. Is amhlaidh atá toisc nach mbeadh feidhm ag cuspóir neamh-idirdhealaithe na Treorach nuair a fhulaingíonn grúpaí eitneacha iomadúla an chóir idirdhealaitheach chéanna ⁽⁹⁸⁾.

5. GNÉITHE A BHAINNEANN GO SONRACH LEIS AN TREOIR MAIDIR LE COMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA

Ó foilsíodh tuarascáil 2021, d’eisigh CBAE líon suntasach breithiúnas i réamhchásanna a chuir cúirteanna náisiúnta roinnt Ballstát isteach maidir le hidirdhealú san fhostaíocht agus sa tslí bheatha ar na ceithre fhoras a chumhdaítear leis an Treoir (reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus gnéaschlaonadh).

Na príomhthátail

- Tá feidhm ag cosaint na Treorach gan beann ar an bhfoirm dhlíthiúil ina gcuirtear obair ar fáil.
- Cumhdaíonn raon feidhme na Treorach baill foirne nach n-earcaítear ar bhonn buan, amhail oiliúnaithe.
- Leis an Treoir, cuirtear toirmeasc ar idirdhealú indíreach trí bhainteacht ar fhorais mhíchumais.

5.1. Raon feidhme ábhartha agus pearsanta na Treorach

Soiléiríodh raon feidhme na Treorach i roinnt rialuithe.

Dheimhnigh CBAE ⁽⁹⁹⁾ sa chás *Zetschek* go bhfuil na forais a liostaítear sa Treoir uileghabhálach, agus nach gcumhdaítear leis an Treoir cásanna idirdhealaithe líomhnaithe idir catagóirí gairmiúla ⁽¹⁰⁰⁾.

Sa chás *TP (Eagarthóir closamhairc don teilifís phoiblí)*, tháinig an Chúirt ar an gconclúid go bhfuil feidhm ag cosaint na Treorach **gan beann ar an bhfoirm dhlíthiúil ina gcuirtear obair ar fáil** ⁽¹⁰¹⁾. Bhain an cás le diúltú conradh a thabhairt i gcrích nó a athnuachan chun obair shonrach a dhéanamh ar bhonn ghnéaschlaonadh

Iarthair iad’. Is é an sainmhíniú a thug Gníomhaireacht Staidrimh na Danmhairge (Danmarks Statistik) ar thíortha ‘de chuid an Iarthair’ ná: Ballstáit an Aontais, Andóra, an Astráil, Ceanada, an Íoslainn, Lichtinstéin, Monacó, an Nua-Shéalainn, an Iorua, San Mairíne, an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe agus Stát Chathair na Vatacáine. Tagraíodh do gach tír eile mar ‘thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’.

⁽⁹⁸⁾ Féach nóta 85, míreanna 100-104.

⁽⁹⁹⁾ I gcomhréir le cásdlí CBAE roimhe seo, e.g. breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Bealtaine 2015, SCMD, C-262/14, EU:C:2015:336.

⁽¹⁰⁰⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Deireadh Fómhair 2024, Cás C-349/23, *Zetschek*, ECLI:AE:C:2024:889.

⁽¹⁰¹⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 12 Eanáir 2023, Cás C-356/21, *TP (Eagarthóir closamhairc don teilifís phoiblí)*, ECLI:AE:C:2023:9.

an tsoláthraí. Ba í an cheist a bhí le measúnú ná ar tháinig an cás faoin gcosaint a thugtar leis an Treoir nó ar cheart a mheas nach raibh sa ghníomhaíocht ach soláthar earraí nó seirbhísí. Leanann sé ón rialú nach mór an coincheap ‘*coinníollacha maidir le rochtain ar fhostaíocht, ar fhéinfhostaíocht nó ar shlí bheatha*’ ⁽¹⁰²⁾ agus an coincheap ‘*fostaíocht agus dálaí oibre, lena n-áirítear dífhostú agus pá*’ ⁽¹⁰³⁾ a **léirmhíniú go leathan**, lena gcuimhdáítear (rochtain ar) **aon chineál fostaíochta nó féinfhostaíochta, gan beann ar an bhfoirm dhlíthiúil ina saothraítear é**. Ina theannta sin, tháinig an Chúirt ar an gconclúid ‘*go bhféadfadh foirceannadh ainneonach gníomhaíochta duine féinfhostaithe (...) a chomhshamhlú le dífhostú fostaí*’.

Sa chás *HK v Danmark agus HK/Privat*, shoiléirigh an Chúirt cheana féin raon feidhme ábhartha leathan na Treorach, lena gcuimsítear reacht eagraíochta oibrithe i gcás ina leagtar síos leis an reacht sin teorainn aoise don phost ‘*tionólaí earnála*’, **post tofa** san eagraíocht sin ⁽¹⁰⁴⁾.

Thug an rialú sa chás *Ca Na Negreta* ⁽¹⁰⁵⁾ léargas ar choincheap an **dífhostaithe**. Bhain an cás le reachtaíocht náisiúnta lenar ceadaíodh oibrí a dhífhostú a luaith a aithníodh go foirmiúil go raibh sé mí-oiriúnach chun a phost a áitiú mar gheall ar thús míchumais, gan ceangal a chur ar an bhfostóir ar dtús bearta cóiríochta réasúnacha iomchuí a dhéanamh ná na bearta iomchuí a rinneadh cheana a choinneáil ar bun. Chinn an Chúirt nár chiallaigh an fíoras gur iarr an t-oibrí lena mbaineann aitheantas ar an éagumas buan iomlán sin gur thoiligh an t-oibrí sin le foirceannadh a chonartha, cé go raibh an t-oibrí ar an eolas gur cheadaigh an reachtaíocht náisiúnta don fhostóir an conradh fostaíochta a fhoirceannadh tar éis aitheantais den sórt sin. Dá réir sin, **measfar gur ‘dífhostú’ é foirceannadh den sórt sin faoin Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta**.

Bhain rialú tábhachtach eile, cás *HR Rail*, le dífhostú oiliúnaí nach raibh in ann, mar gheall ar mhíchumas, a dhualgais a chomhlíonadh. Shoiléirigh CBAE **go gcuimhdáítear le raon feidhme na Treorach baill foirne nach n-earcaítear ar bhonn buan, amhail oibrithe a dhéanann seal oiliúna** mar chuid dá n-earcaíocht ⁽¹⁰⁶⁾.

I gcás *Bervidi*, thug an Chúirt aghaidh ar chás oibrí a d’iarr ar a fhostóir a am oibre a mhodhnú **ionas go bhféadfadh sé aire a thabhairt do leanbh faoi mhíchumas tromchúiseach**. Níor aontaigh an fhostóir ach cóiríocht shealadach a dheonú, ag tabhairt dá aire nárbh é an t-oibrí a bhí faoi mhíchumas ⁽¹⁰⁷⁾. Cé gur suíodh cheana féin le cáidlí roimhe seo go dtuirmistear leis an Treoir idirdhealú **díreach** trí bhainteacht ⁽¹⁰⁸⁾, shonraigh an Chúirt sa chás *Bervidi* go bhfuil feidhm ag an

⁽¹⁰²⁾ Airteagal 3(1)(a) den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽¹⁰³⁾ Airteagal 3(1)(c) den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

⁽¹⁰⁴⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 2 Meitheamh 2022, Cás C-587/20, *HK v Danmark agus HK/Privat*, ECLI:AE:C:2022:419.

⁽¹⁰⁵⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 18 Eanáir 2024, Cás C-631/22, *Ca Na Negreta*, ECLI:AE:C:2024:53.

⁽¹⁰⁶⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Feabhra 2022, Cás C-485/20, *HR Rail*, ECLI:AE:C:2022:85.

⁽¹⁰⁷⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 11 Meán Fómhair 2025, Cás C-38/24, *Bervidi*, ECLI:AE:C:2025:690.

⁽¹⁰⁸⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Iúil 2008, Cás C-303/06, *Coleman*, ECLI:AE:C:2008:415.

toirmeasc ar idirdhealú **indíreach** ar fhoras míchumais freisin maidir le hoibrí ar cheart dó tairbhe a bhaint as cóiríocht réasúnta.

5.2. Reiligiún agus creideamh – comharthaí polaitiúla, fealsúnacha nó reiligiúnacha ag an obair

Le scaoileadh na rialuithe sna cásanna *Achbita* ⁽¹⁰⁹⁾ agus *Bougnaoui agus ADDH* ⁽¹¹⁰⁾, maidir le caifiríní a chaitheamh ag an obair, leathnaigh CBAE a cásdlí a thuilleadh maidir le comharthaí polaitiúla, fealsúnachta nó reiligiúnacha a chaitheamh san ionad oibre . Leanann sí de cheart na bhfostóirí a aithint rialacha neodrachta a bheith acu lena dtoirmisctear gach comhartha de chreidimh reiligiúnacha, fhealsúnacha agus pholaitiúla a chaitheamh san ionad oibre, fad a chomhlíontar coinníollacha áirithe.

Soiléiríodh sna rialuithe a leagtar amach thíos go bhfuil an **foras ‘reiligiún nó creideamh’** teoranta go docht do chreidimh reiligiúnacha, fhealsúnacha nó spioradálta, agus ar an gcaoi sin déantar é a idirdhealú ó choincheap na *tuairime polaitiúla nó aon tuairime eile* (cás *WABE* ⁽¹¹¹⁾). Soiléiríodh iontu freisin nach n-áirítear leis creidimh pholaitiúla nó cheardchumann, ná nach n-áirítear leis creidimh ná roghanna ealaíonta, spóirt, aeistéitiúla ná eile (Cás *S.C.R.L* ⁽¹¹²⁾).

Sa chás *WABE*, shoiléirigh an Chúirt go bhféadfar bonn cirt a bheith le toirmeasc ar aon fhoirm infheicthe an léirithe ar chreidimh pholaitiúla, fhealsúnacha nó reiligiúnacha san ionad oibre mar gheall ar an ngá dáiríre atá ann don fhostóir íomhá neodrach a chur i láthair do chustaiméirí nó chun díospóidí sóisialta a chosc. Mar sin féin, ní mór é a chur i bhfeidhm ar bhealach ginearálta neamhdhifreáilte agus ní mór é a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach. Mheabhraigh an Chúirt go bhfuil comhthéacs sonrach gach Ballstáit tábhachtach, ós rud é go bhfuil ‘corrlach lánroghnach acu chun an réiteach is gá a bhaint amach idir na cearta agus na leasanna éagsúla atá i gceist, chun cothromaíocht chóir a áirithiú’.

Leanadh an líne chéanna sa chás *S.C.R.L*, inar chinn CBAE freisin nach ionann riail inmheánach gnóthais lena dtoirmisctear aon chomhartha infheicthe creidimh pholaitiúil, fhealsúnaigh nó reiligiúnaigh a chaitheamh san ionad oibre agus idirdhealú díreach ‘ar fhoras reiligiúin nó creidimh’ ar choinníoll go gcumhdaítear léi aon léiriú ar chreidimh den sórt sin gan idirdhealú agus go gcaitear le hoibrithe uile an ghnóthais ar an mbealach céanna trína cheangal orthu, ar bhealach ginearálta neamhdhifreáilte, mar shampla, éadaí neodrach a chaitheamh, rud a chuireann cosc ar chomharthaí den sórt sin a chaitheamh. Ní idirdhealú indíreach a bheadh i gceist le difríocht sa chóir dá mbeadh údar oibiachtúil leis de bharr aidhm dhlisteanach agus dá mbeadh na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach. **Ní leor mian amháin an fhostóra beartas neodrachta a shaothrú, áfach – cé gur aidhm dhlisteanach ann féin é – chun údar oibiachtúil a thabhairt le difríocht sa chóir atá bunaithe go hindíreach ar reiligiún nó ar chreideamh**, ós rud é nach féidir a mheas go bhfuil údar den sórt sin oibiachtúil ach amháin i gcás ina bhfuil

⁽¹⁰⁹⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 14 Márta 2017, Cás C-157/15, *Achbita*, ECLI:AE:C:2017:203.

⁽¹¹⁰⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 14 Márta 2017, Cás C-188/15, *Bougnaoui agus ADDH*, ECLI:AE:C:2017:204.

⁽¹¹¹⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 15 Iúil 2021, Cásanna Uamtha C-804/18 agus C-341/19, *WABE*, ECLI:AE:C:2021:594.

⁽¹¹²⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 13 Deireadh Fómhair 2022, Cás C-344/20, *S.C.R.L*, ECLI:AE:C:2022:774.

fíorghá ó thaobh an fhostóra sin de, agus is faoin bhfostóir sin atá sé an méid sin a léiriú.

Ba é an cás *Commune d'Ans*, an chéad chás a thug aghaidh ar cheist na neodrachta reiligiúnaí **san earnáil phoiblí maidir le post cúloifige** ⁽¹¹³⁾. Chinn an Chúirt go bhféadfaí a mheas go bhfuil údar oibiachtúil le beartas neodrachta doichte arna fhorchur ag riarachán poiblí ar a fhostaithe mar gheall ar aidhm dhlisteanach. Níl riail den sórt sin idirdhealaitheach má chuirtear i bhfeidhm í ar bhealach ginearálta neamh-idirdhealaitheach maidir le foireann uile an riaracháin sin agus má tá sí teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach, agus na cearta agus na leasanna éagsúla atá i gceist á gcur san áireamh. **Níor scrúdaíodh an fhiric go ndearnadh an riail difear do mhná den chuid is mó, toisc gur dhearbhaigh an Chúirt go raibh an cheist neamh-inghlactha.**

Sa chás *Katholische Schwangerschaftsberatung* ⁽¹¹⁴⁾, chinn CBAE gur cheart cothromaíocht chóir a áirithiú idir, ar thaobh amháin, leasanna fostóra a bhfuil a éiteas bunaithe ar reiligiún toisc nach dtugtar a éiteas agus a cheart neamhspleáchais faoi cheist agus, ar an taobh eile, leasanna na bhfostaithe nach ndéantar idirdhealú ina n-aghaidh ag brath ar a reiligiún. Le dlí an Aontais, tugtar lánrogha do gach Ballstát an chothromaíocht sin a áirithiú.

Sa chás is déanaí, *Ministero della Difesa* ⁽¹¹⁵⁾, chinn an Chúirt, trí dhiúltú an ceanglas vacsaínithe do phearsanra míleata na hAireachta Cosanta a chomhlíonadh, go ndearna oifigeach iarracht agóid a dhéanamh i gcoinne na roghanna a rinne údarais na hIodáile i réimse na sláinte poiblí seachas a thuairimí féin a dhearbhu. Dá bhrí sin, ní thagann na cúiseanna leis an diúltú sin faoin gcoincheap ‘creideamh’, ach is tuairimí iad, nach gcuirtear san áireamh leis an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

5.3. Míchumas agus coincheap na cóiríochta réasúnta

Le linn na gcomhairliúchán don tuarascáil, leag Equinet agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta béim ar dheacrachtaí maidir leis an dualgas cóiríocht réasúnta a chur ar fáil san fhostaíocht a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, chuir an Chúirt soiléirithe úsáideacha ar fáil.

Sa chás *Komisija za zashtita ot diskriminatsia* ⁽¹¹⁶⁾, tháinig an Chúirt ar an gconclúid gur cheart **meastóireacht aonair** a dhéanamh chun a chinneadh an bhféadfadh giúróir dall a chuid oibre a dhéanamh tar éis bearta cóiríochta réasúnta a dhéanamh.

Sa chás *HR Rail* ⁽¹¹⁷⁾, tháinig an Chúirt ar an gconclúid gur cheart cóiríocht réasúnta a bheith tairgthe d’oiliúnaí, mar shampla trína **shannadh do phost eile** a raibh **an inniúlacht, an cumas agus an infhaighteacht** is gá aige ina leith, ach amháin dá

⁽¹¹³⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 28 Samhain 2023, Cás C-148/22, *OP v Commune d'Ans*, ECLI:AE:C:2023:924.

⁽¹¹⁴⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Márta 2026, Cás C-258/24, *Katholische Schwangerschaftsberatung*, ECLI:AE:C:2026:211.

⁽¹¹⁵⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 18 Meitheamh 2026, Cás C-522/24, *Ministero della Difesa*, ECLI:AE:C:2026:498.

⁽¹¹⁶⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2021, Cás C-824/19, *Komisija za zashtita ot diskriminatsia*, ECLI:AE:C:2021:862.

⁽¹¹⁷⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Feabhra 2022, Cás C-485/20, *HR Rail*, ECLI:AE:C:2022:85.

bhforchuirfeadh an beart sin ualach díréireach ar an bhfostóir. Deimhníodh é sin sa chás *Ca Na Negreta* ⁽¹¹⁸⁾.

Thug an Chúirt tuilleadh samplaí sa chás *Tartu Vangla*, cás inar dífhostaíodh oifigeach príosúin a raibh lagú éisteachta air ar bhonn rialachán náisiúnta lenar cuireadh toirmeasc ar fhostú daoine nach gcomhlíonann a ngéire éisteachta na híostairseacha braite fuaime. Sa chás sin, chuir an Chúirt i bhfios go láidir go gcaithfí féachaint ar bhearta amhail **áis éisteachta a úsáid, díolúine ó chúraimí áirithe nó sannadh chuig post nach mbeadh géire éisteachta ag teastáil ina leith.**

Go suntasach, tá na breithiúnais sin ó CBAE ag tagairt níos mó agus níos mó don Chairt um Chearta Bunúsacha agus do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ⁽¹¹⁹⁾. Deimhnítear leis sin nach mór forálacha na Treorach a léiriú, a mhéid is féidir, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcoinbhinsiún sin ⁽¹²⁰⁾.

5.4. Aois

Is iad difríochtaí sa chóir a bhaineann le haois is cúis leis an líon is airde rialuithe arna n-eisiúint ag CBAE maidir leis an Treoir. Leagtar síos i roinnt dlíthe náisiúnta teorainneacha aoise maidir le rochtain ar ghairmeacha sonracha. Sna cásanna sin, is í an phríomhcheist an féidir údar a thabhairt leis an teorainn aoise faoi Airteagal 6 den Treoir (údar le difríochtaí sa chóir ar fhorais aoise) mar bheart comhréireach chun cuspóir dlisteanach a bhaint amach i ndáil le fostaíocht nó margadh an tsaothair ⁽¹²¹⁾.

I gcás *Ministero della Giustizia*, scrúdaigh an Chúirt dlí náisiúnta lena leagtar síos **50 bliain d'aois mar an teorainn chun rochtain a fháil ar ghairm an nótaire** ⁽¹²²⁾, agus dlúthanailís á déanamh aici ar chomhleanúnachas na reachtaíochta náisiúnta atá i gceist.

Bhain sampla eile sa chás *Ministero dell'Interno* le dlí náisiúnta lena leagtar síos uasteorainn aoise **30 do dhaoine atá le hearcú mar choimisinéirí póilíneachta** ⁽¹²³⁾. Chuir an Chúirt i bhfios go láidir nach mbeadh riail den sórt sin i gcomhréir leis an Treoir mura mbeadh gá le cumais fhisiciúla ar leith chun na dualgais iarbhír a dhéanann na coimisinéirí póilíneachta sin a chomhlíonadh. Más gá cumais fhisiciúla ar leith, níor mhór an teorainn aoise a sheiceáil maidir lena cineál nádúr díréireach a

⁽¹¹⁸⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 18 Eanáir 2024, Cás C-631/22, *Ca Na Negreta*, ECLI:AE:C:2024:53.

⁽¹¹⁹⁾ Arna fhorghabháil le Ceannairdne an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009.

⁽¹²⁰⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 18 Eanáir 2024, Cás C-631/22, *Ca Na Negreta*, ECLI:AE:C:2024:53, mír 41.

⁽¹²¹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Deireadh Fómhair 2024, Cás C-408/23, *Anwaltsnotarin*, ECLI:AE:C:2024:901, a bhaineann le huasteorainn aoise 60 le haghaidh ceapachán tosaigh mar dhlíodóir arna choimisiúnú mar nótaire.

⁽¹²²⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 3 Meitheamh 2021, Cás C-914/19, *Ministero della Giustizia*, ECLI:AE:C:2021:430.

⁽¹²³⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Samhain 2022, Cás C-304/21, *Ministero dell'Interno*, ECLI:AE:C:2022:897.

d'fhéadfadh a bheith ann; sa chás seo d'fhéadfadh sé gur beart iomchuí agus níos éadroime tástáil aclaíochta a dhéanamh mar chuid den chomórtas earcaíochta.

Maidir le saincheist eile a bhaineann le haois, scrúdaigh CBAE riail náisiúnta lena gcuirtear oibrithe san earnáil phoiblí a cháiligh do phinsean iomlán i gcóras '**cúltaca saothair**' go dtí go bhfoirceannfaí a gconradh. Bhain iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha leis sin (e.g. laghdú ar phá, dul chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann a chailleadh, pá téarfa a chur ar ceal) do na hoibrithe lena mbaineann ⁽¹²⁴⁾. Chinn an Chúirt nach gcuireann an Treoir bac ar dhlí náisiúnta den sórt sin má chomhlíontar coinníollacha Airteagal 6. Luaigh sí **comhthéacs na géar-ghéarchéime eacnamaíche agus na cuspóirí fostaíocht a choinneáil ar bun agus struchtúr aoise an lucht saothair a chothromú**.

Ar deireadh, sa chás *AP Assistenzprofis*, bhí ar CBAE cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna freasúracha ar fhorais aoise agus mhíchumais ⁽¹²⁵⁾. Chuir duine 28 mbliana d'aois faoi mhíchumas, a bhí ag lorg cúntóir pearsanta chun cabhrú leis i ngach réimse den saol laethúil, srian leis an roghnú d'iarrthóirí idir 18 agus 30 bliain d'aois. Chinn an Chúirt go bhféadfadh an dlí náisiúnta mianta aonair daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh dá mbeadh gá le beart den sórt sin chun a gcearta agus a saoirsí a chosaint. Chuir sí in iúl gur dócha go gcuirfeadh an ceanglas maidir le raon aoise urraim don cheart chun féinchinntiúcháin ag an duine faoi mhíchumas chun cinn agus gur cosúil go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil go n-oirfeadh cúntóir pearsanta laistigh den raon aoise céanna leis an duine faoi mhíchumas do chiorcal pearsanta agus sóisialta an duine sin ar bhealach níos éasca.

5.5. Treoshuíomh gnéasach

Sa chás *TP (Eagarthóir closamhairc don teilifís phoiblí)* thuasluaite (féach 5.1), chinn an Chúirt nach saoirse iomlán í an tsaoirse conartha i sochaí dhaonlathach ach go bhfuil sí le meas i ndáil lena feidhm shóisialta ⁽¹²⁶⁾. Sa chomhthéacs sin, dá nglacfaí leis go gceadaítear le saoirse conartha do pháirtí diúltú conradh a dhéanamh le duine ar bhonn a ghnéaschlaonta, bhainfí a héifeacht phraiticiúil den Treoir.

6. NA TREORACHA A CHUR I BHFEIDHM MAR FHREAGAIRT AR IDIRDHEALÚ STRUCHTÚRACH

Tá neamhionannais níos mó ná suim na taithí aonair ar dhíspeagadh nó ar bhacainní, amhail iad siúd a thagann chun cinn agus tithíocht á cuardach, post á lorg, san ionad oibre nó i rochtain ar oideachas.

Mar shampla, tugtar faoi deara i straitéis frithchiníochais 2026-2030 go gcarnann ciníochas a tharlaíonn ar feadh an tsaoil agus go gcruthaítear bacainní leis ('ciníochas struchtúrach'). D'fhéadfadh idirdhealú struchtúrach a bheith mar thoradh air. D'fhéadfadh tionchar na mbacainní struchtúracha a bheith níos díobhálaí ná cásanna

⁽¹²⁴⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 15 Aibreán 2021, Cás C-511/19, *Olympiako Athlitiko Kentro Athinon*, ECLI:AE:C:2021:274.

⁽¹²⁵⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Nollaig 2023, Cás C-518/22, *AP Assistenzprofis*, ECLI:AE:C:2023:956.

⁽¹²⁶⁾ I gcomhréir freisin le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 22 Eanáir 2013, *Sky Österreich*, C-283/11, ECLI:EU:C:2013:28, i measc breithiúnas eile.

leithlisithe idirdhealaithe, toisc go séantar rochtain ar chomhionannas deiseanna agus gur féidir leis leanúint ar aghaidh ó ghlúin go glúin ⁽¹²⁷⁾.

Ina bhfreagraí ar an gCoimisiún, chreid beagnach gach ceann de na comhlachtaí comhionannais a ndearnadh suirbhé orthu agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta uile nár thuig údaráis phoiblí, an earnáil phríobháideach ná an tsochaí i gcoitinne idirdhealú struchtúrach go hiomchuí go fóill agus nár thug siad aghaidh air go hiomchuí go fóill.

Thuairiscigh comhlachtaí comhionannais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta go ndéanann idirdhealú struchtúrach difear den chuid is mó do dhaoine a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu agus do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé le feiceáil go han-soiléir san fhostaíocht, san oideachas, sa chúram sláinte agus sa rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí. Mar a léirítear thíos, le cuid d'uirlisí dlí na dTreoracha d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar idirdhealú struchtúrach.

Na príomhthátail

- Tá na huirlisí dlí is tábhachtaí chun dul i ngleic le hidirdhealú struchtúrach (e.g. gníomhaíocht dhearfach agus toirmeasc ar idirdhealú indíreach) ar fáil do na Ballstáit ina reachtaíocht.
- Déanann formhór na mBallstát foráil maidir le cineál amháin comhshásaimh ar a laghad. Mar sin féin, tá sé ar cheann de na bearta is lú a chuirtear chun feidhme chun dlí an Aontais um idirdhealú a fhorfheidhmiú.

6.1. Ról an toirmisc ar ‘idirdhealú indíreach’ chun dul i ngleic le hidirdhealú struchtúrach

Le creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana, soláthraítear uirlisí dlíthiúla lenar féidir aghaidh a thabhairt ar idirdhealú struchtúrach, cé nach n-úsáidtear an téarma go sainráite sna Treoracha. Go háirithe, cuireann an dá Threoir toirmeasc ar idirdhealú indíreach.

Tarlaíonn idirdhealú indíreach i gcás ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealaíonn a bheith neodrach daoine áirithe faoi chosaint faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile ⁽¹²⁸⁾.

Faoi láthair, ní úsáidtear an téarma ‘idirdhealú struchtúrach’ go sainráite i reachtaíocht na mBallstát. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go sainaithníonn níos mó ná aon trian de na Ballstáit é sin mar cheann de na príomhdheacrachtaí a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist. Athluann freagróirí ó

⁽¹²⁷⁾ Léiríonn na neamhionannais struchtúracha san oideachas an fhadhb go maith. Mar shampla, is mó seans go suntasach go ndéanfar daoine a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu a leithscaradh ar scoil nó go bhféadfaid siad an scoil go luath. Ní bhfuair ach 32 % de Romaigh nó den Lucht Siúil a d'fhreagair suirbhé FRA oideachas meánscoile uachtaraí ar a laghad, i gcomparáid le 84 % den phobal i gcoitinne san Aontas in 2024. Féach FRA, [Cearta na Romach agus an Lucht Siúil i 13 Thír Eorpacha – Peirspictíochtaí ón suirbhé Romach 2024](#), Ich. 42.

⁽¹²⁸⁾ Féach e.g. Airteagal 2(2)(b) den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 2(2)(b) den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

chomhlachtaí comhionannais agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta an méid sin freisin.

Ag an am céanna, aithníonn formhór na mBallstát gur féidir dul i ngleic leis an idirdhealú struchtúrach trí idirdhealú indéireach a thoirmeasc agus trí ghníomhaíocht dhearfach a dhéanamh (féach 3.7).

Bosca 5. Samplaí d'idirdhealú struchtúrach sna Ballstáit

- In 2023, tugadh aghaidh i rialú ó Chúirt Uachtarach Phoblacht na Slóvaice ar an tsaincheist maidir le leithscaradh córasach leanaí Romacha sa chóras oideachais. Cé nár luaigh sí idirdhealú struchtúrach go sainráite, d'aithin an chúirt na míbhuntáistí carnacha a bhíonn roimh leanaí Romacha agus d'fhorghníomhaigh sí an gá atá le bearta réamhghníomhacha ⁽¹²⁹⁾.
- In 2022, d'eisigh Cúirt Uachtarach na Seice rialú maidir le saincheist an leithscartha. Cháin sí an leithscaradh mar chleachtas nach féidir údar a thabhairt leis, ós rud é go bhfuil sé i gcoinne dhínit an duine go bunúsach ⁽¹³⁰⁾.

6.2. Uirlisí dlíthiúla breise chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha

Seachas gníomhaíocht dhearfach agus an toirmeasc ar idirdhealú indéireach, shaináithin comhlachtaí comhionannais agus na Ballstáit *actio popularis* ⁽¹³¹⁾ agus dualgaí chomhionannais ⁽¹³²⁾ mar uirlisí dlíthiúla éifeachtacha chun dul i ngleic le hidirdhealú struchtúrach.

Is dhá chineál comhshásaimh iad *actio popularis* agus caingne aicme ⁽¹³³⁾. Laghdaíonn siad an spleáchas ar chineálacha aonair sásaimh agus tugann siad aghaidh ar chineál struchtúrach an idirdhealaithe ⁽¹³⁴⁾.

Ní chuireann na Treoracha d'oibleagáid ar na Ballstáit comhshásamh a chur ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe ⁽¹³⁵⁾. Faoi láthair, déanann 20 Ballstát foráil ina

⁽¹²⁹⁾ Cúirt Uachtarach Phoblacht na Slóvaice, 6Cdo/14/2023.

⁽¹³⁰⁾ Cúirt Uachtarach Phoblacht na Seice, [Breithiúnas an 5 Bealtaine 2022](#), 25 Cdo 473/2021, ECLI:CZ:NS:2022:25.CDO.473.2021.1.

⁽¹³¹⁾ Nuair a ghníomhaíonn eagraíocht ar mhaithe le leas an phobail thar a gceann féin gan íospartach sonrath chun tacú leis nó chun ionadaíocht a dhéanamh air. Féach nóta 27, lch. 126.

⁽¹³²⁾ Áirítear leis na dualgaí chomhionannais bearta chun idirdhealú a chosc, oibleagáidí institiúideacha chun comhionannas a chur chun cinn agus ceanglais phríomhshruthaithe d'údarais phoiblí agus/nó phríobháideacha. Féach Equinet, Crowley, N. (2016), 'Making Europe more equal: A legal duty?', lch. 9, [Making Europe more equal: A Legal Duty?](#).

⁽¹³³⁾ Nuair a ghníomhaíonn éilitheoirí thar ceann grúpa neamhshainithe éilitheoirí nó thar ceann éilitheoirí sainaitheanta iomadúla a chuireann éilimh iomadúla isteach. Féach nóta 27, lch. 126.

⁽¹³⁴⁾ Equinet, Tudisco, V. agus Lantschner, E. (2022), 'Cosc ar Idirdhealú agus Freagairt dó trí Smachtbhannaí agus Leigheasanna', lch. 24, [Preventing and Reacting to Discrimination through Sanctions and Remedies – Equinet](#).

⁽¹³⁵⁾ Féach Airteagal 7 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 9 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

reachtaíocht maidir le ceann amháin den dá chineál comhshásaimh i gcásanna idirdhealaithe.

Mar sin féin, bíonn caingne aicme teoranta uaireanta do réimsí áirithe dlí, d'fhéadfadh cleamhnacht le heagraíocht shonrach a bheith de dhíth nó d'fhéadfadh siad gníomhaíochtaí comhlachas nó ceardchumann a eisiadh (¹³⁶). Ar an gcaoi chéanna, cé go ndéantar foráil maidir le *actio popularis* i gcórais dlí 14 Bhallstát, ní úsáidtear an creat nó ní úsáidtear é ach fíorannamh sa chleachtas i gcás cúig cinn acu ar a laghad (¹³⁷). Dá bhrí sin, níl a n-acmhainneacht iomlán bainte amach ag bearta comhshásaimh go fóill chun an t-idirdhealú a chomhrac.

I bhfianaise an mhéid sin, leis na caighdeáin nua do chomhlachtaí comhionannais ceanglaítear ar na Ballstáit an ceart a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte (¹³⁸). Ceann de na bealaí inar féidir leis na Ballstáit an oibleagáid sin a chomhlíonadh is ea trína chur ar chumas comhlachtaí comhionannais gníomhú chun tacú le roinnt íospartach nó thar a gceann nó imeachtaí cúirte a thionscnamh ina n-ainm féin chun leas an phobail a chosaint.

Chomh maith le gníomhaíocht chomhchoiteann, luaigh na comhlachtaí comhionannais a ndearnadh suirbhé orthu dualgais chomhionannais san earnáil phoiblí mar uirlis eile freisin. Tá dualgais chomhionannais ar fáil i 23 Bhallstát ach is minic nach mbíonn sásraí cur chun feidhme fóinteacha, cuntasacht ná bealaí forfheidhmithe acu agus is minic nach mbíonn na húdaráis ar an eolas fúthu. D'aontaigh na 13 Bhallstát a thuairiscigh go raibh dúshláin rompu maidir le dualgais chomhionannais a chur chun feidhme leis na conclúidí sin den chuid is mó.

Conclúidí
<i>Ní mór do na Ballstáit:</i>
– leanúint d'fhorfheidhmiú na dTreoracha a neartú, lena n-áirítear i gcásanna idirdhealaithe struchtúraigh.
<i>Ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:</i>
– é a dhéanamh níos éasca comhshásamh a úsáid i gcásanna idirdhealaithe.

7. NA TREORACHA A CHUR I BHFEIDHM MAR FHREAGAIRT AR IDIRDHEALÚ ALGARTAMACH

Cuireann an digitiú sraith eile castachta leis an staid atá os comhair pobail atá neamhchosanta ar neamhionannais struchtúracha.

Cinneann daoine cuspóirí na gcóras uathoibrithe, lena n-áirítear algartaim agus córais intleachta saorga, ar dá réir a úsáideann na córais sin sonraí a bhailítear ó fhoinsí daonna nó meaisín le linn oibrithe. Mar thoradh air sin, féadfaidh algartaim agus

(¹³⁶) Mar shampla, sa tSualainn, ní cheadaítear leis an reachtaíocht caingne aicme i réimse dhlí an tsaothair. Sa Rómáin, níl caingne aicme ar fáil do chomhlachais, d'eagraíochtaí ná do cheardchumainn. Féach nóta 27, lch. 126.

(¹³⁷) Féach nóta 33, lch. 32.

(¹³⁸) Féach Airteagal 10(3) de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle.

córais intleachta saorga claontachtaí daonna, steiréitíopaí, noirm agus cleachtais a ionchorprú le linn ríomhchlárúcháin, próiseáil sonraí, agus nuair a idirghníomhaíonn daoine leis na feidhmchláir ⁽¹³⁹⁾. Léiríodh uaireanta go mbíonn saincheisteanna mar thoradh air sin a mbíonn tionchar diúltach acu ar dhaoine ar na forais agus sna réimsí a chosnaítear leis an dlí um neamh-idirdhealú.

Mar shampla, mar thoradh ar ghannionadaíocht daoine a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach ar leith acu, bhí cásanna ann nár aithin bothanna grianghraf daoine a bhfuil dath craicinn níos dorcha acu agus pictiúir bhithmhéadracha á dtógáil acu ⁽¹⁴⁰⁾. In áiteanna eile, mhol intleacht shaorga nó córais uathoibrithe gníomhaíochtaí a rinne difear díréireach do ghrúpaí áirithe daoine ar bhonn athróg ionadach ⁽¹⁴¹⁾ le haghaidh saintréithe cosanta. Mar shampla, d'fhéadfaí postchóid a úsáid mar athróg le haghaidh tionscnamh ciníoch nó eitneach nó gnéaschlaonadh, agus d'fhéadfaí céadainmneacha a úsáid mar athróg ionadach le haghaidh aoise ⁽¹⁴²⁾.

Leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta, bunaítear creat ginearálta chun dul i ngleic leis an idirdhealú. Is fíor sin gan beann ar na modhanna trína ndéantar é. Mar a léirítear thíos, tá feidhm ag na Treoracha maidir le staideanna ina n-eascraíonn idirdhealú as córais uathoibrithe agus intleachta saorga (idirdhealú algartamach) a úsáid.

Déantar cinntí atá bunaithe ar algartaim agus intleacht shaorga ar mhórsála agus go tapa, agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair claontachtaí agus foinsí torthaí neamhfhabhracha a d'fhéadfadh a bheith ann do ghrúpaí faoi chosaint a shainathint. Ina bhfreagraí ar an gCoimisiún, chreid beagnach gach ceann de na comhlachtaí comhionannais a ndearnadh suirbhé orthu agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta uile nár thuig údarais phoiblí, an earnáil phríobháideach ná an tsochaí i gcoitinne idirdhealú algartamach go hiomchuí go fóill agus nár thug siad aghaidh air go hiomchuí go fóill.

Thuairiscigh comhlachtaí comhionannais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta gurb iad daoine a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu agus daoine faoi mhíchumas príomhíospartaigh an idirdhealaithe algartamaigh, rud a léirítear go soiléir san fhostaíocht, san oideachas, sa chúram sláinte agus sa rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí.

Leagtar amach sna ranna seo a leanas príomhchoincheapa agus cosaintí faoi dhlí an Aontais um neamh-idirdhealú atá ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú algartamach. Ina theannta sin, scrúdaítear sa tuarascáil ionstraimí eile atá deartha chun éifeachtaí idirdhealaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ag algartaim agus córais

⁽¹³⁹⁾ Bartoletti, I., Xenidis, R., *Study on the impact of artificial intelligence systems, their potential for promoting equality, including gender equality, and the risks they may cause in relation to non-discrimination* [Staidéar ar thionchar córas intleachta saorga, a gcumas chun comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus na rioscaí a d'fhéadfadh bheith mar thoradh orthu i ndáil le neamh-idirdhealú], Comhairle na hEorpa, 2023, lch. 15.

⁽¹⁴⁰⁾ Féach Wulf J., *Automated Decision-Making Systems and Discrimination – Understanding causes, recognizing cases, supporting those affected*, AlgorithmWatch, 2022, lch. 8.

⁽¹⁴¹⁾ Tagraíonn 'athróg ionadach' do ghné atá comhghaolaithe le saintréith chosanta a bhféadfadh idirdhealú indíreach a bheith mar thoradh ar a húsáid i nós imeachta cinnteoireachta. Féach Datta, A., Fredrikson, M., Ko, G., Mardziel, P. agus Sen, S., 'Proxy Non-Discrimination in Data-Driven Systems', <https://doi.org/10.48550/arXiv.1707.08120>.

⁽¹⁴²⁾ Féach nóta 139.

intleachta saorga a chosc agus a mhaolú. Cuirtear i láthair ann freisin an creat dlíthiúil agus na cleachtais dlí is infheidhme sna Ballstáit, mar aon le dea-chleachtais shainaitheanta.

Na príomhthátail

- Tá taithí phraiticiúil íosta ag formhór na mBallstát maidir le dlí um neamh-idirdhealú a chur i bhfeidhm ar chásanna idirdhealaithe algartamaigh.
- Faoi na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais, ní mór acmhainní daonna agus teicniúla iomchuí a bheith ag comhlachtaí comhionannais chun intleacht shaorga agus córais uathobrithe a úsáid agus chun a áirithiú go gcomhlíonann siad rialacha neamh-idirdhealaithe.

7.1. Creat dlíthiúil

Tá feidhm ag an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus ag an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta araon maidir le hidirdhealú a eascraíonn as úsáid intleachta saorga laistigh dá raon feidhme pearsanta agus ábhartha faoi seach.

Leis an toirmeasc ar idirdhealú díreach, cuirtear cosc ar algartaim saintréithe cosanta a úsáid chun caitheamh le daoine aonair ar bhealaí lena dtáirgtear torthaí nach bhfuil chomh fabhrach céanna i gcásanna inchomparáide. Leis an toirmeasc ar idirdhealú indíreach, tugtar aghaidh ar na héifeachtaí míbhuntáisteacha a bhaineann le cleachtais a d'fhéadfadh cuma neodrach a bheith orthu, amhail athróga ionadacha a úsáid le haghaidh saintréithe cosanta.

Thairis sin, ceanglaítear ar na Ballstáit sásraí sásaimh iomchuí a bhunú ⁽¹⁴³⁾. Tá sé d'oibleagáid orthu a chinntiú gur féidir le comhlachais agus eagraíochtaí tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe nó gníomhú thar a gceann. D'fhéadfadh an tacaíocht speisialaithe sin a bheith rithábachtach agus leigheasanna á lorg i dtimpeallacht an-chasta, theicniúil, algartamach. Ina theannta sin, fágann prionsabal aistriú an dualgaís cruthúnais go bhfuil sé níos éasca na dúshláin a bhaineann le fianaise a fháil a sháruí.

Trína áirithiú gur féidir aghaidh a thabhairt ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann, rannchuidíonn dlí an Aontais um neamh-idirdhealú le córais intleachta saorga iontaofa a fhorbairt.

Ní mór d'éiceachórais intleachta saorga a áirithiú freisin go bhfuil tacair sonraí ardcháilíochta acu agus go bhfuil trédhearcacht, inrochtaineacht agus inmhínitheacht leordhóthanach ag córais do chách, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, agus go bhfuil cuntasacht shoiléir ann maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn siad. Tá sé sin tábhachtach ar feadh shaolré na hintleachta saorga nó na gcórais uathobrithe, ón bhforbairt go dtí an cur in úsáid.

⁽¹⁴³⁾ Féach Airteagal 7 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus Airteagal 9 den Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta.

Chun an méid sin a bhaint amach, ghlac an tAontas Rialachán (AE) 2024/1689 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) ⁽¹⁴⁴⁾ i mí Iúil 2024. Beidh feidhm ag an nGníomh um an Intleacht Shaorga ón 2 Lúnasa 2026 ⁽¹⁴⁵⁾. Mar sin féin, tá roinnt caibidlí curtha i bhfeidhm cheana féin ón 2 Feabhra 2025 nó ón 2 Lúnasa 2025. Thairis sin, tar éis na leasuithe ón Omnibus Digiteach maidir leis an Intleacht Shaorga, ní bheidh feidhm ag caibidlí áirithe go dtí níos déanaí. Is amhlaidh atá i gcás rialacha a bhaineann le córais intleachta saorga ardriosca ⁽¹⁴⁶⁾. Tá feidhm ag an nGníomh um an Intleacht Shaorga i gcomhar le reachtaíocht neamh-idirdhealaithe.

Is é is aidhm don Ghníomh um an Intleacht Shaorga an nuálaíocht agus intleacht shaorga iontaofa a chur chun cinn san Aontas, agus aghaidh á tabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as córais intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid i ndáil leis an tsláinte, an tsábháilteacht agus cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart chun neamh-idirdhealaithe, an daonlathas agus an smacht reachta. Leanann sé cur chuige rioscabhunaithe, ina ndéantar córais intleachta saorga a aicmiú de réir an leibhéil riosca a bhaineann leo don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha. Forchuirtear leis oibleagáidí agus ceanglais chomhréireacha ag brath ar aicmiú an chórais intleachta saorga.

Sainithnítear sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga go mbaineann rioscaí íosta, teoranta, arda nó do-ghlactha le córais.

Tá toirmeasc ar chleachtais intleachta saorga áirithe, amhail ionramháil dhíobhálach, scóráil shóisialta agus córas cian-sainaitheanta bithmhéadraí fíor-ama i spásanna atá inrochtana don phobal chun críocha a bhaineann le forfheidhmiú an dlí, toisc go bhfuil siad ar neamhréir le luachanna an Aontais ⁽¹⁴⁷⁾.

Ní mór do chórais intleachta saorga ardriosca oibleagáidí dochta a chomhlíonadh sula gcuirfear ar an margadh nó i mbun seirbhíse iad. Áirítear ar chórais ardriosca den sórt sin córais atá beartaithe lena n-úsáid, mar shampla, mar chomhpháirteanna sábháilteachta i mbonneagar criticiúil, le haghaidh bithmhéadrachta nó chun cead isteach in institiúidí oideachais a chinneadh ⁽¹⁴⁸⁾. Ní mór do chórais den sórt sin oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le, i measc nithe eile, bainistiú láidir riosca, sonraí ardcháilíochta, scrúdú agus maolú claontachta, trédhearcacht agus formhaoirseacht dhaonna ⁽¹⁴⁹⁾.

Ní mór do chórais a bhfuil riosca teoranta lena n-éilítear trédhearcacht maidir le húsáid intleachta saorga ag baint leo oibleagáidí trédhearcachta áirithe a chomhlíonadh ⁽¹⁵⁰⁾. Áirítear ar chórais den sórt sin botaí comhrá nó

⁽¹⁴⁴⁾ IO L 2024/1689, 12.7.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202401689.

⁽¹⁴⁵⁾ Maidir le córais a chomhtháthaítear i dtáirgí amhail ardaitheoirí nó bréagáin, beidh feidhm ag na rialacha ón 2 Lúnasa 2028.

⁽¹⁴⁶⁾ Ón 2 Nollaig 2027 maidir leis na rialacha a thagann faoi Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus ón 2 Lúnasa 2028 maidir le córais intleachta saorga a thagann faoi Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.

⁽¹⁴⁷⁾ Féach Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

⁽¹⁴⁸⁾ Féach Airteagal 6 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

⁽¹⁴⁹⁾ Féach Airteagail 8 go 15 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

⁽¹⁵⁰⁾ Féach Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

domhainbhrionnuithe. Ní thugtar isteach leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga rialacha maidir le córais íosta riosca nó córais gan riosca, amhail scagairí turscair.

Éascaíonn an Coimisiún cur chun feidhme éifeachtach an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus tacaíonn sé leis, lena n-áirítear trí threoirlínte agus uirlisí tacaíochta eile a ghlacadh, agus trí chomhordú laistigh den Bhord um an Intleacht Shaorga leis na húdaráis náisiúnta.

7.2. Dúshlán maidir leis na Treoracha a chur i bhfeidhm i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh

Tá roinnt dúshlán ann maidir leis na Treoracha a chur i bhfeidhm i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh.

Ar an gcéad dul síos, tá sé casta forálacha na dTreoracha a chur i bhfeidhm i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh. I dtimpeallachtaí fíorúla, uaireanta ní smaoiníonn daoine aonair fiú ar a gcearta a fheidhmiú agus idirdhealú a thuairisciú. Is amhlaidh atá toisc, i dtimpeallacht algartamach atá spriocdhírithé agus pearsantaithe go mór, go bhféadfadh sé nach dtuigfeadh daoine aonair go bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu ⁽¹⁵¹⁾.

Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach a chinneadh an idirdhealú díreach nó indíreach é idirdhealú algartamach ⁽¹⁵²⁾.

Ar deireadh, is measa fós na dúshláin a bhaineann leis na Treoracha a chur i bhfeidhm i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh mar gheall ar thaithí phraiticiúil íosta agus reachtaíocht theoranta i bhformhór na mBallstát. Mar fhreagairt ar cheistneoir an Choimisiúin, luaigh na Ballstáit gur ar éigean atá aon taithí phraiticiúil ann ar thástáil theicniúil a eagrú ar chórais algartamacha le haghaidh claontachta agus/nó idirdhealaithe. Uaireanta, ní féidir é sin a dhéanamh fiú. Dá bhrí sin, tá taithí phraiticiúil íosta ann maidir leis na dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear na Treoracha a chur i bhfeidhm i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh.

Mar a leagtar amach thuas, mheas freagróirí ó chomhlachtaí comhionannais agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta den chuid is mó freisin nach raibh idirdhealú algartamach aitheanta go leordhóthanach fós ag riaracháin phoiblí, ag an earnáil phríobháideach ná ag an tsochaí. Mhol na comhlachtaí comhionannais gurb é is cúis leis sin den chuid is mó easpa tionscnamh múscailte feasachta, úrnuacht an fheiniméin féin, eolas agus litearthacht dhigiteach neamhleor, agus teorainneacha ar shásraí forfheidhmiúcháin atá ann cheana.

Ag an am céanna, leag eagraíochtaí na sochaí sibhialta béim ar theorainneacha na díospóireachta poiblí maidir leis an tsaincheist sin, a dhíríonn níos mó ar na tairbhí ná

⁽¹⁵¹⁾ I ndáil leis an méid sin, ceanglaítear le hAirteagal 26(11) den Gníomh um an Intleacht Shaorga orthu siúd a úsáideann córais intleachta saorga ardriosca a ndéanann cinntí nó a gcuidíonn le cinntí a dhéanamh maidir le daoine nádúrtha na daoine sin a chur ar an eolas go bhfuil siad faoi réir úsáid córais den sórt sin. Ina theannta sin, le hAirteagal 86 den Gníomh um an Intleacht Shaorga, tugtar an ceart do dhaoine aonair mínithe soiléire fóinteacha a fháil ar ról an chórais intleachta saorga sa phróiseas cinnteoireachta agus ar phríomhghnéithe an chinnidh a dhéantar.

⁽¹⁵²⁾ Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Hacker, P. (2018), ‘*Teaching fairness to artificial intelligence – Existing and novel strategies against algorithmic decision-making under EU law*’, *Common Market Law Review*, Iml. 55, Eagrán 4, 2018, lgh. 1143, 1151.

ar na rioscaí de ghnáth. Ina theannta sin, chuir siad ábhair inné in iúl maidir le húsáid córas algartamach i réimsí amháin an imirce, forfheidhmiú an dlí agus leas ⁽¹⁵³⁾.

7.3. Idirbhealú algartamach sna Ballstáit a chomhrac

As na Ballstáit uile, níor thagair ach an Ísiltír do chásanna idirbhealaithe algartamaigh ar thug cúirt ⁽¹⁵⁴⁾ nó comhlacht comhionannais ⁽¹⁵⁵⁾ aghaidh orthu. Níl rialacha fabhracha ach ag Ballstát amháin (an Ostair) d'íospartaigh chun idirbhealú algartamach a chruthú nó chun na hualaí teicniúla a mhaolú.

In 2025, thacaigh an tAontas le glacadh an Dréachtmholta ó Chomhairle na hEorpa maidir le comhionannas agus an intleacht shaorga ⁽¹⁵⁶⁾. Is é is aidhm don mholadh ⁽¹⁵⁷⁾ a áirithiú go gcuirfidh córais intleachta saorga comhionannas chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus nach dtreiseoidh siad idirbhealú. Tá sé comhsheasmhach leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus cuirfear chun feidhme é trí bhearta agus coimirce is infheidhme maidir le córais intleachta saorga de réir an chur chuige rioscabhunaithe.

Bosca 6. Treoirínte chun neamh-idirbhealú a áirithiú agus córas intleachta saorga á fhorbairt agus á chur chun feidhme

Thar ceann Aireacht Gnóthaí Baile na hÍsiltíre, tá treoirínte tarraingthe suas ag saineolaithe le haghaidh forbróirí córais, anailísithe sonraí agus saineolaithe intleachta saorga chun neamh-idirbhealú a áirithiú agus córas intleachta saorga á fhorbairt agus á chur chun feidhme. Mínítear i dtreoirínte 2022 cad iad na ceisteanna agus na prionsabail atá ríthábhachtach agus obair á déanamh ar chóras intleachta saorga agus leis an gcóras sin, agus béim á leagan ar an toirmeasc ar idirbhealú, ó thaobh an dlí, na teicneolaíochta agus na heagraíochta de ⁽¹⁵⁸⁾.

Sa réimse digiteach atá ag síormhéadú, tá ról tábhachtach ag comhar agus idirphlé trasúdaráis le comhpháirtithe a dhéanann ionadaíocht ar leasanna grúpaí atá i mbaol idirbhealaithe. Faoi na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais, ní mór do

⁽¹⁵³⁾ Ní bhaineann raon feidhme na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch agus na Treorach maidir le Comhionannas Fostaíochta le réimsí na himirce agus fhorfheidhmiú an dlí, agus tá leas lasmuigh de raon feidhme na Treorach maidir le Comhionannas Fostaíochta freisin. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, aicmítear córais intleachta saorga áirithe atá beartaithe lena n-úsáid san imirce, i bhforfheidhmiú an dlí, i seirbhísí agus sochair bhunriachtanacha príobháideacha agus poiblí, agus i roinnt réimsí íogaire eile mar chórais ardriosca. Ní mór do sholáthraithe agus d'úsáideoirí na gcóras intleachta saorga ardriosca sin oibleagáidí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh, mar a thuairiscítear i roinn 7.1 den tuarascáil seo.

⁽¹⁵⁴⁾ Rechtbank Overijssel, 29 Deireadh Fómhair 2024, ECLI:NL:RBOVE:2024:5627.

⁽¹⁵⁵⁾ College voor de Rechten van de Mens, [Vooronderzoek naar de vermeende discriminerende effecten van de werkwijzen van de Belastingdienst/Toeslagen | College voor de Rechten van de Mens](#).

⁽¹⁵⁶⁾ Cinneadh (AE) 2025/2350 ón gComhairle an 13 Samhain 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil leis an Dréachtmholadh maidir le comhionannas agus an intleacht shaorga (OJ L, 2025/2350, 17.11.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202502350).

⁽¹⁵⁷⁾ Moladh ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le comhionannas agus intleacht shaorga (Arna ghlacadh ag Coiste na nAirí an 4 Márta 2026 ag an 152ú cruinniú d'Ionadaithe na nAirí), CM/Rec(2026)1, 4.3.2026, <https://search.coe.int/cm/?i=09125948802acd7f>.

⁽¹⁵⁸⁾ Aireacht Gnóthaí Baile na hÍsiltíre, 'Treoirínte maidir le neamh-idirbhealú trí dheardh', [Handreiking non-discriminatie Artificial Intelligence \(AI\) | Rapport | Rijksoverheid.nl](#).

na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na sásraí iomchuí i bhfeidhm ag comhlachtaí comhionannais chun comhoibriú le comhlachtaí comhionannais eile laistigh den Bhallstát, agus le heintitis ábhartha phoiblí agus phríobháideacha laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, lena n-áirítear thar theorainneacha ⁽¹⁵⁹⁾.

Thairis sin, cuirtear i dtábhacht sna Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais nach mór na hacmhainní daonna agus teicniúla is gá a bheith ag comhlachtaí comhionannais chun intleacht shaorga a úsáid dá gcuid oibre agus chun a mheas an gcomhlíonann córais uathoibrithe an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta ⁽¹⁶⁰⁾.

Le hAirteagal 77 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, bunaítear dualgas dlúthchomhair agus cúnaimh fhrithpháirtigh idir na comhlachtaí atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibleagáidí nó iad a fhorfheidhmiú faoi dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha agus na húdaráis um fhaireachas margaidh.

Ní mór do na Ballstáit na comhlachtaí sin um chearta bunúsacha ⁽¹⁶¹⁾ a shainaithint a bhfuil sé de chumhacht acu aon fhaisnéis nó doiciméadacht a chruthaítear nó a choinnítear ar bun faoin Rialachán a iarraidh ar an údarás ábhartha um fhaireachas margaidh agus rochtain a fháil uirthi, i gcás inar gá sin chun a sainordú a chomhlíonadh. I gcás nach leor an doiciméadacht sin chun a fháil amach ar tharla sárú, féadfaidh siad iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar na húdaráis um fhaireachas margaidh tástáil ar chóras intleachta saorga ardriosca a eagrú trí mhodhanna teicniúla ⁽¹⁶²⁾.

Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, forchuirtear oibleagáidí comhair áirithe ar údaráis um fhaireachas margaidh freisin i gcás ina bhfuil rioscaí do chearta bunúsacha ag baint le húsáid córas intleachta saorga ardriosca, lena n-áirítear an ceart chun neamh-idirdhealaithe. Go háirithe, ní mór dóibh na húdaráis ábhartha um chearta bunúsacha a chur ar an eolas, dul i gcomhairle leo agus comhoibriú go hiomlán leo ⁽¹⁶³⁾.

Tá na rialacha sin fós le cur chun feidhme. Tráth an chomhairliúcháin, níor bhraith beagnach aon cheann de na comhlachtaí comhionannais a ndearnadh suirbhé orthu go raibh siad feistithe chun córais uathoibrithe nó intleachta saorga a úsáid ina gcuid oibre, nó chun measúnú a dhéanamh orthu maidir le comhlíonadh na rialacha neamh-idirdhealaithe ⁽¹⁶⁴⁾. Luadh easpa maidir le taithí, foireann speisialaithe agus acmhainní teicniúla mar na príomhchúiseanna.

⁽¹⁵⁹⁾ Féach Airteagal 14 de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle.

⁽¹⁶⁰⁾ Aithris 22 de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle.

⁽¹⁶¹⁾ Go dtí seo, shainaithin 21 Bhallstát cuid dá gcomhlachtaí comhionannais nó iad uile mar údaráis cosanta um chearta bunúsacha le cumhachtaí speisialta faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga.

⁽¹⁶²⁾ Féach Airteagal 77(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

⁽¹⁶³⁾ Féach Airteagal 79(2) agus Airteagal 82(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

⁽¹⁶⁴⁾ Is í an Fhionlainn an eisceacht shuntasach. In éineacht leis an mBeilg agus leis an bPortaingéil, is cuid de thionscadal fothaithe acmhainneachta í faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

Bosca 7. Comhlachtaí combhionannais a sheasann le combhionannas agus neamh-idirdhealú maidir le húsáid intleachta saorga i riaracháin phoiblí ⁽¹⁶⁵⁾

Faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil atá maoinithe ag an Aontas, tá comhlachtaí combhionannais sa Bheilg, san Fhionlainn agus sa Phortaingéil ag iarraidh a n-acmhainneacht riaracháin a fhorbairt. Díríonn an tionscadal ar thionchar intleachta saorga ar idirdhealú agus ar chomhionannas, agus é mar chuspóir aige cur le cumas na gcomhlachtaí combhionannais idirdhealú algartamach a nochtadh agus cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil.

De réir na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo maidir leis an tuarascáil, trí pháirt chórasach a thabhairt do chomhlachtaí combhionannais agus iad a ainmniú mar chomhlachtaí comhairleacha do na húdaráis inniúla ábhartha ⁽¹⁶⁶⁾, cothaítear timpeallacht atá fabhrach do chomhar éifeachtúil maidir le forfheidhmiú na Treorach maidir le Comhionannas Ciníocha agus na Treorach maidir le Comhionannas Fostaíochta i gcomhthéacs an idirdhealaithe algartamaigh.

I roinnt Ballstát, tá socruithe ann cheana féin ag comhlachtaí combhionannais le húdaráis rialála, lena n-áirítear údaráis cosanta sonraí.

Bosca 8. Comhar idir comhlachtaí combhionannais agus údaráis eile

Téann comhlacht combhionannais na hÍsiltíre i dteagmháil go réamhghníomhach le húdaráis um fhaireachas margaidh. Oibríonn Ombudsman Neamh-Idirdhealaithe na Fionlainne i gcomhar le Gníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne, agus oibríonn Coimisiún Mhálta um Chearta Daoine faoi Mhíchumas le hÚdarás Gnóthaí Iomaíochta agus Tomhaltóirí Málta. Ar an gcaoi chéanna, sa Fhrainc, tá Cosantóir na gCeart ina chomhalta de bhord comhairleach Údarás Cosanta Sonraí na Fraince, rud a sholáthraíonn, dá bhrí sin, samhail maidir le conas nuashonruithe agus comhar rialta a eagrú.

⁽¹⁶⁵⁾ Comhairle na hEorpa, ‘[Ag seasamh le combhionannas agus frith-idirdhealú ag comhlachtaí combhionannais maidir le húsáid na hintleachta saorga i riaracháin phoiblí – Cuimsiú agus frith-idirdhealú](#)’.

⁽¹⁶⁶⁾ E.g. údaráis um fhaireachas margaidh, údaráis cosanta sonraí agus comhlachtaí tomhaltóirí. Féach aithris 41 de Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle.

Conclúidí

Ní mór do na Ballstáit:

- Leanúint lena n-iarrachtaí fhorfheidhmiú na dTreoracha a neartú, lena n-áirítear i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh.

Ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- comhar éifeachtach a áirithiú idir comhlachtaí comhionannais ábhartha agus údaráis um fhaireachas margaidh faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga.

Tá an Coimisiún tiomanta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- malartuithe trasúdaráis a éascú agus eolas maidir le córais intleachta saorga a chomhroinnt agus idirdhealú algartamach a chomhrac leis na hinstitiúidí ábhartha, ag tógáil ar thionscadal leanúnach na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil chun institiúidí a chumasú ar bhealach níos fearr chun cineálacha nua idirdhealaithe a chomhrac.

8. CONCLÚIDÍ

Ó foilsíodh an tuarascáil dheireanach maidir le cur i bhfeidhm na dTreoracha, tá an tAontas tiomanta i gcónaí don chomhionannas agus do dhlí an Aontais um neamh-idirdhealú a chur chun feidhme. Chuir sé straitéisí Aontas an Chomhionannais chun feidhme, ghlac sé straitéisí nua maidir le frithchiníochas, comhionannas LADTIA+ agus comhionannas inscne, ghlac sé straitéisí níos láidre maidir le cearta daoine atá faoi mhíchumas agus thug sé spreagadh nua d'fhorfheidhmiú rialacha neamh-idirdhealaithe trí na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais a ghlacadh. Lean an Coimisiún freisin de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme praiticiúil an dlí um neamh-idirdhealú.

Leagtar béim sa tuarascáil ar roinnt treochtaí dearfacha. Mar shampla, tá méadú beag tagtha ar fheasacht ar sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh an idirdhealaithe i measc grúpaí áirithe. Níor thuairiscigh formhór na mBallstát deacrachtaí móra maidir le príomhchoincheapa dhlí an Aontais um neamh-idirdhealú a chur i bhfeidhm agus roinn go leor acu cleachtais dhearfacha agus inleathnaithe. Ina theannta sin, thug CBAE breithiúnais a thabharfaidh soiléiriú tábhachtach ar choincheapa na dTreoracha. Is cosúil freisin go gcuireann na Treoracha uirlisí inoiriúnaithe agus éifeachtacha ar fáil chun dul i ngleic leis an idirdhealú i dtimpeallacht shochaíoch atá ag athrú.

Tá iarrachtaí déanta ag formhór na mBallstát rochtain ar cheartas a fheabhsú d'íospartaigh an idirdhealaithe agus comhoibriú le comhpháirtithe ábhartha sóisialta agus na sochaí sibhialta. Ghlac siad bearta dearfacha freisin chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáistí a bhaineann le saintréithe cosanta.

Mar sin féin, ní mór do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí na Treoracha a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Go háirithe, **tá sé ríthábhachtach go mbeadh smachtbhannaí éifeachtach, le méideanna a léiríonn an díobháil fhadtéarmach a dhéanann an t-idirdhealú**, a chuireann sásamh ar fáil d'íospartaigh agus a spreagann athrú ollmhór.

Ba cheart iarrachtaí chun feasacht a mhúscailt maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar amach sna Treoracha a dhíriú ar ghrúpaí sonracha faoi chosaint, agus úsáid á baint as saineolas agus for-rochtain na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta ag an am céanna.

Ní mór go mbeadh rochtain éasca ag íospartaigh an idirdhealaithe agus a n-ionadaithe ar an bhfianaise ábhartha is gá, lena n-áirítear sonraí staidrimh, chun idirdhealú a léiriú agus chun an dualgas cruthúnais a aistriú chuig na cosantóirí.

Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit é a dhéanamh níos éasca comhshásamh a úsáid i gcásanna idirdhealaithe agus ní mór dóibh comhoibriú a spreagadh idir údaráis rialála, an tsochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta.

Ar bhonn thorthaí na tuarascála, **ba cheart do na Ballstáit agus dá gcomhlachtaí comhionannais leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla a thagann chun cinn ina ndlí agus ina gcleachtas náisiúnta.** Go háirithe, d'fhéadfaidís tuilleadh treoraíochta agus tacaíochta a thabhairt do bhreithiúna, do dhlíodóirí agus d'éilítheoirí chun cabhrú leo aistriú rialacha an dualgais cruthúnais a spreagadh go héifeachtach i gcásanna idirdhealaithe. An tráth céanna, ní mór do na Ballstáit leanúint lena n-iarrachtaí forfheidhmiú na dTreoracha a neartú, lena n-áirítear i gcásanna idirdhealaithe algartamaigh. Áirítear leis seo cur chun feidhme iomlán agus ceart na dTreoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais a áirithiú.

Tá gá le hiarrachtaí comhpháirteacha chun na Treoracha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair i gcomhar leis na Ballstáit, le comhlachtaí comhionannais, le FRA, le EIGE, le rialtóirí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le comhpháirtithe sóisialta chun cosaint chórasach a áirithiú d'íospartaigh an idirdhealaithe agus chun acmhainneacht na dTreoracha a bhaint amach go hiomlán.

Ina theannta sin, tá **an Coimisiún** tiomanta do dhá réimse gníomhaíochta eile.

- **Plé rialta a éascú i measc na mBallstát** maidir leis na hábhair thuasluaite. Déanfar an plé sin tríd an ngrúpa saineolaithe maidir le cur chun feidhme dhlí comhionannais an Aontais, a bunaíodh i mí na Bealtaine 2024.
- **Cistiú ón Aontas a úsáid chun tacú le cumas na mBallstát agus na ngníomhaithe ábhartha cearta bunúsacha a fhorfheidhmiú.** Mar shampla, d'fhéadfaí tacaíocht a chur ar fáil faoin gelár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna nó faoi chlár AgoraEU a bheidh ann amach anseo (caibidlíochtaí idirinstiúideacha ar feitheamh). Cumhdaítear leis an tacaíocht sin scileanna agus cumais eagraíochtaí na sochaí sibhialta, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais, gairmithe dlí, cleachtóirí, institiúidí ombudsman agus cosantóirí eile chearta an duine a fhorbairt agus a fheabhsú chun straitéisí dlíthíochta agus cur chuige dlíthíochta straitéisí a cheapadh agus a chur chun feidhme.

Tá an chéad tuarascáil eile maidir le cur i bhfeidhm na dTreoracha le teacht in 2031. Breathnófar inti, go háirithe, ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na Treoracha a fhorfheidhmiú. An bhliain chéanna, gheobhaidh an Coimisiún faisnéis ó na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm na dTreoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais. Tabharfaidh sé tuairisc ansin freisin ar a bhfeidhmiú neamhspleách agus ar a n-éifeachtacht.